Measgán Músgraiġe

Seosaṁ Laoide

do ċuir i n-eagar.

Sgilling, glan.

PB1225
L2M4

PB
1225
.M43
1907

Measgán Músgraiġe

cnuasaċ beag sgéalaiḋeaċta.

Seosaṁ Laoiḋe

do ċuir i n-eagar.

"Nár do ṁór-ṫriaṫ Ṁúsgraiġe
Gaill ag tairsteal a tíre,
An ċuaine ḋuaibseaċ ḋúr-ċroiḋeaċ
Atá ag creaċaḋ gaċ críċe."
—Aoḋ Buiḋe Mac Cuirtín.

Ar n-a ċur amaċ
do
Ċonnraḋ na Gaeḋilge,
i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1907.

PB
1225
.M43
1907

"Cuir gairm ar ṡlioċt Ċairbre ṁúisg gan spás.
Fir ṁearḋa naċ measfaiḋ ḃeiṫ uṁal do'n stát."
—Aoḋ Buiḋe Mac Cuirtín.

191682

INṀEAḊÓNAIĠE.

Leaṫanaċ.

BROLLAĊ - - - - - - v

CLÁR AN ṀEASGÁIN:

Fiġeadóir an Ġleanna Ċaim . . . 1
Síos Amaċ 5
Feirmeóir ⁊ Buaċaill 16
An Táilliúir Meanmnaċ 18
Muirir an Ṗreuċáin 22
An Ġráinneóg agus an Gearrfiaḋ . . 34
Sgannraḋ Ṡeáġain na bFiacal . . . 37
Dualgas an Droċ-ċroiḋe . . . 54
Sgríobaḋ an Ċorcáin 63
Sgéal an Daill 67
An Iasaċt 73
Sgéal Aonaiġ an Ṗuic 75
Donnċaḋ an Ċaipín agus an Dreóilín . 80
An Gobán Saor 83
Paidí Bán agus an Saiġdiúir . . . 87
An Siúinéir 90
Bás Ḋiúicín 93

FOCLÓIR - - - - - - 95

CÓIR ANMANN - - - - - 159

CÓIR ÁITEANN - - - - - 161

BUNAḊ NA SGÉAL - - - - 166

An Cló-Ċumann, Teo.,

Clóḋóirí Gaeḋilge

Baile Áṫa Cliaṫ.

Brollaċ.

Do ḃí rí mór ar Éirinn fad ó gurab é ainm a ḃí air Conaire Mac Moġa Láiṁe nó Conaire II. Do ḃí sé i gceannas na tíre ó'n mbliaḋain 158 go dtí an ḃliaḋain 165 d'aois ár dTiġearna. Do ḃí triúr mac aige, .i. na trí Ċairbre, .i. Cairbre Músg agus Cairbre Baisginn agus Cairbre Riada. Slioċt Ċairbre Ṁúisg do glaoḋaḋ Músgraiġe orta, agus do ċuireadar so fúṫa i gCúigeaḋ Muṁan. Do ḃí sé tuaṫa nó dúiṫċí aca fad ó, aċt ní ṁaireann anois díoḃ i ndinnseanċas na hÉireann aċt aon ċeann aṁáin .i. Músgraiḋe Ó bFloinn (nó Múscraige Mitaine, .i. an sean-ainm). Músgraiġe is mó glaoḋtar indiu ar an ndúṫaiġ sin, agus i n-iarṫar Ċontae Ċorcaiġe atá sí.

Na sgéalta atá ins an leaḃar so, is ó iar-Ṁúsgraiġe dóiḃ, .i. ó Ḃaile Ṁúirne agus ó Uíḃ Laoġaire, a n-urṁór ó'n gcéad ċeanntar. 'Sé an fáṫ gur baisteaḋ "Measgán Músgraiġe" ar an leaḃar, .i. aiṫris do ḋéanaṁ ar Measgán Meiḋḃe, ainm atá ar ḋá ċarnán cloċ, carnán díoḃ ar Ċnoc na Riaġaḋ, i gContae Ṡligiġ, agus an carnán eile ar an Mucair, i

dtriúċa céad Ċille Ṁac nÉanáin, . dTír Ċonaill. Is é is measgán ann, rudaí a bailiġtear agus tugtar go héin-ionad, agus, d'éis iad do ṁeasgaḋ tré n-a ċéile, aon ċnap mór aṁáin do ḋéanaṁ ḋíoḃ. Is dóċa go meastar gurab í Meaḋḃ, bain-ríoġan Ċonnaċt, do rinne carnáin de na cloċaiḃ úd. Is mar sin do ṁeasgán ime leis: bailiġtear an t-im agus measgtar nó cuirtear tré n-a ċéile é, agus déantar aon ċnap aṁáin de fá ḋeoiḋ. Is aṁlaiḋ do'n leaḃar so againne: do ċruinniġeaḋ na sgéalta agus do rinneaḋ measgán díoḃ. Má rinneaḋ féin, tá súil againn naċ é dálta na measgán a ċruinniġ an bráṫair a ḃeas air, mar níor ṁaiṫ linn go mbeiṫí ag tromaiḋeaċt orainn fá mar do ḃí an t-Aṫair Uilliam Inglis ar an ḃfear mboċt úd :

"Ċuala sgéal, fuair Éire náire,
Fuair sí masla leanfas go bráṫ ḋí."

Is dóċa gur minice adeirtear "miosgán" 'sa Ṁuṁain 'ná "measgán," agus "Miosgán Meiḋḃe" is é do sgríoḃ Seaġán Ó Donnuḃáin i n-a Aguisín do cuireaḋ i ndeireaḋ Ḟoclóra Uí Raġallaiġ. Mar sin

ḟéin, dob' ḟearr linn "meargán," ó's é is goire do'n tranas.

Seaḋ, is miṫid dúinn focal nó ḋó do ċur síos ar aḃḃar an ṁeargáin seo againne. Ḟóiríor dóiġte! ní ḣionann cor dó fá láṫair agus mar do ḃíoḋ air. Ḃí beagán de sgéaltaiḃ deasa greannṁara ann tráṫ naċ fuil ann anois, ó'n uair is nár ċeaduiġ dúinn an ríġ-ḟear do sgríoḃ iad a gcongḃáil 'sa leaḃar. Dob' éigean dam iad do ḃaint as, agus ní abraim ná gur "sop i n-ionad sguaibe" a ḃfuil annso 'na n-ionad. Aċt ní fear caointe ná cáinte mé—ní mise ba ċiontaċ leis sin—aċt fear diċill do ḋéanaṁ. Tá sean-ḟocal ann:

"Muna mbeiḋ uaigneas ar ċnoc againn,
Ḃeiḋ suaiṁneas ar sop againn."

Tá an sop againn, agus sinn ar ár suaiṁneas air, agus má ċailleamar an sguab, is féidir dúinn teaċt i n-a iongnais. Má bíonn faġáil againn coiḋċe ar an "uaigneas ar ċnoc," agus ár leannán síḋe ḃeit i n-ár n-aice, cuirfimíd síos uair éigin ar "ċlé-ḃeartaiḃ gangaide an traoġail" do-ġní naṁa de ċaraid agus cara de naṁaid.

Fuaras árd-ċabair ’sa gnó so ó’n sgoláire úd do ḟág “Sgríob Liaṫ an Earraiġ” mar agaiḋ fidil nó ṗúicín air féin. Tá mór-ċuid dá ṫagra féin curṫa agam ins an bFoclóir, agus go mór-ṁór ins an Ċóir Anmann agus ins an Ċóir Áiteann, má’s ceart dam na teidil sin d’úsáid ar an gcuma ar a bfuilid ṫíos agam. Táim an-buiḋeaċ de’n ḟear sain agus bead go deó.

Ġeobfar tráċt ar na sgríbneoiriḃ, ⁊rl., ins an roinn sin de’n leabar go bfuil “Bunaḋ na Sgéal” mar ṫeideal uirṫi. An té is mó aca, is é Conċubar Ó Dearṁuṁna, do ċoṁnuiḋeaḋ i gCarraig an Aḋmaid. Dob’ iongantaċ an ċaint a ḃí ag an bfear fóġanta sain, lá dá raiḃ sé ’na ḃeaṫaiḋ agus ’na ḃríġ ṁarṫa, faoi ṡaoġal agus faoi ṡláinte, i n-a ḃaile beag féin.

Sgríbneóir eile ’n-a bfuil cuid dá ḋéantúsaiḃ ’sa leabar so is eaḋ Míċeál Ua Murċuḋa, ó Ċúil Aoḋa, i mBaile Ṁúirne. Sgríobann sé sin go han-ḋeas, agus is follus gur maiṫ leis beagán de ṡnas na litriḋeaċta d’ḟágáil ar a ṡaoṫar. Sin lorg is inleanta do gaċ éinne. An rud do ḋeiġil Gaeḋilg na hAlban ó Ġaeḋilg na hÉireann, .i. aiṫris do ḋéanaṁ ar gaċ

aon ċor beag canaṁna, ní healaḋa do sgoláiríḃ na hÉireann baint leis.

Tá rud éigin annso leis ó Ḋonnċaḋ Ó Laoġaire, ó Ċúil Aoḋa, i mBaile Ṁúirne. Ní gáḃaḋ ḋam é sin do ṁolaḋ agus cáil agus clú ag gaċ n-aon de Ċonnraḋ na Gaeḋilge air.

Tá sgéal eile fós ó Ṁáirġréid Ní Áil-ġeasa, agus ní misde ḋam a ráḋ 'na taoiḃ gur sgríḃneoir clisde í sin—bean atá stuamḋa oilte ar gaċ aon ċaint.

Maidir leis na sgéaltaiḃ eile, ní'l ionnta aċt sean-sgéalta tuaṫa, agus is dóċa go ḃfuil a gcion féin de loċtaiḃ orṫa. Má tá féin, tá aon ḃuaiḋ aṁáin ag na sean-sgéaltaiḃ ar gaċ aon sgéal eile, dá ḟeaḃas é .i. bíonn an ċaint ar áilleaċt i gcoṁnuiḋe ionnta, go háiriṫe má ġeiḃ-tear iad ó sgéalaiḋṫiḃ naċ raiḃ puinn taiṫiġe aca ar Ḃéarla.

I dtaoiḃ na heagarṫóireaċta, ní abraim anois aċt ar cuireaḋ ċeana i ndeireaḋ réaṁráiḋ "Madra na nOċt gCos," as "Ebistil Ṫioġlaicṫe" an Ċasralaiġ. Giolla deacair do ḃain úsáid as sin agus giolla deacair atá fós ann.

SEOSAṀ LAOIDE.

Fiġeadóir an Ġleanna Ċaim.

Roinnt ṁór ḃliaḋanta ó ṡoin, do ċoṁnuiġ fiġeadóir 'san nGleann Ċam cúpla míle ó Ṁaġċromṫa i gCondae Ċorcaiġe. 'San am sain ceárd ṁaiṫ dob' eaḋ fiġeadóireaċt, aċt ċum filleaḋ ar mo sgéal, do ḃí oiread le déanaṁ ag an ḃfiġeadóir seo, gur ḃ'éigion do buaċaill do ṫógaint ċum caḃruiġṫe leis.

An ḟaid do ḃí an sean-ḃuaċaill ag gaḃáil do ḟiġeadóireaċt níor casaḋ l'eiṫéid an ḃuaċalla leis. Do ḋeineaḋ sé oiread le haon triúr fear, do oibriġeaḋ sé ċóṁ dúṫraċtaċ sain. Do ḃí aon inġean aṁáin ag an ḃfiġeadóir, is ċeap sé in' aigne gur ṁaiṫ an rud í ṫaḃairt i gcleaṁnas do'n ḃfiġeadóir óg.

Ṫug sé, mar seo, fé n-a ċóṁair é lá, is dar ndóiġ ḃí an fíġeadóir óg sásta. Do pósaḋ iad láiṫreaċ baill, 's is iad do ṁair go sásta i ḃfoċair a ċéile.

Ḃí mór-ċuid oibre ag teaċt isteaċ ċúċa

gaċ lá. Beagán bliadanta tar éis é ṗósaḋ do ṁéaduiġ an gnó, is ḃí sé ag obair go díċeallaċ lá. Lé bárr an ḟuadair do ḃí sé, sgeinn ceann dos na spóil uaiḋ is buaileaḋ le fuinneaṁ é ṫall cois an ḃalla.

Do léim sé láiṫreaċ anuas do'n seól is ḋein sé ar an dtuaiġ do ḃí sa ċúinne, ċum na láṁa do sgiobaḋ de féin!

"Cad é sin ort nó a ḃfuileann tú ar buile?" ars' an sean-ḟiġeadóir.

"Nílim, ar aon-ċor," ars' an fiġeadóir óg.

"A ḃfeiceann tú Dia idir sinn 's a' t-olc? Dá mbeaḋ mo ṁac 'san áit gur ḃuail an spól ó ċianaiḃ, ḃí sé marḃ gan sagart gan ḃráṫair. Níos túirse ná ṫuitfeaḋ a leiṫéid amaċ ċoiḋċe arís dam, bainfead an láṁ díom leis an dtuaiġ so."

"Ar ṁ'anam ná bainfir," ars' an sean-ḟiġeadóir.

Do rugadar go lom daingean air, ⁊ tar éis moráin taiṫint, do ċoisgeadar é.

"Seaḋ," ars' an sean-ḟiġeadóir. "Siuḃlóċad an doṁan go léir, is ní ḟillfead tar n-ais go dteagṁóċaiḋ amadán éigin liom níos mó ná tú."

Do ṫóg an sean-ḟiġeadóir leis a ċleiṫ go moċ ar maidin, is ġaiḃ sé a leiṫ Droiċead Nua Maġċromḋa, siar leis an tsráid go ráinig sé do'n tsean-ḋroiċead. Casaḋ beirt ḟear ar a ċéile annsain. D'ḟiafruiġ duine aco de'n duine eile ar ċeannuiġ sé na huain ag an aonaċ. Duḃairt sé nár ċeannuiġ.

"Buḋ ṁaiṫ an ṁaise duit é, mar, dá ndéanfá, do ḃainfinn-se ḋíot iad," ars' an duine eile.

"Cuirim i gcás go ḃfuil na huain anois ar lár an droiċid; feicim anois a' ḃféadfá iad do ḃaint díom," arsa fear an aonaiġ.

Seo iad araon ag sáruġaḋ na n-uan, mar 'ḋeaḋ. Is gairid, 'san tsáruġaḋ ḋóiḃ, gur ċuadar i sgórnaċaiḃ a ċéile. Do ṫosnuiġ an ḃruiġean ⁊ do sgéiṫiġ an ḟuil ar fuaid an ḃóṫair. Ḃí an fiġeadóir ag féaċaint i gcóṁnuiḋe ar an obair. Ṫáinig daoine éigin suas do ċoisg an ḃruiġean, is ṫarr-aingeadar síoṫċáin eatorra.

Ġaiḃ fear anuas ó'n muilionn ⁊ braiṫlín ṁine coirce aige ar ḋrom capaill ḃáin. Do ḟiafruiġ duine éigin de cad ḟé ndear an ḃruiġean, is ḋruid sé isteaċ leis

an ndroiċead, is d'osgail sé amaċ an braiṫlín is sgaoil sé an ṁin lé fánaiḋ na haḃann. Do ḃain sé croṫaḋ ar a' mbraiṫlín os cionn an droiċid, is níor ḟág sé fiú aon ġráinne aṁáin uirṫe.

"A' ḃfeiceann tú an braiṫlín sin leis an nduine eile," ars' eision.

"Ċíḋim," aduḃairt an fear eile.

"Ní fiú a ḃfuil de ṁin coirce ar an mbraiṫlín sin an cás ó ṫosaċ go deire," arsa fear an ċapaill ḃáin.

Ḃí an fiġeadóir ag féaċaint ar an obair i gcóṁnuiḋe ⁊ do ḃris ar an ḃfoiġne aige.

"Do ṡaoilear, dá siuḃlóċainn Éire ná buailfeaḋ aon amadáin umam ċóṁ mór leis an amadán atá agam ag baile, is go deiṁin ṡaoilear go raiḃ sé sin mór go maiṫ, aċt do ḃuaiḋ siḃ-se ar a ḃfeaca riaṁ, ⁊ go mór mór fear na mine coirce. Raġaḋ a baile is geoḃad lem' amadán féin," ars' an fiġeadóir.

Ṫiomáin sé leis soir ⁊ ḃí sé go mór luaṫ ag an nGleann Ċam, is d'ḟan sé an ċuid eile d'á ṡaoġal i ḃfoċair an fiġeadóra óig.

Síos Amaċ.

Á ċáirde, inneósaiḋ mé sgeul díḃ a ṫuit amaċ orm féin nuair a ḃíos am' ġarsún ⁊ gan puinn céille agam.

Ins an am sain ba ḃeus ag fir óm' ṗaróiste dul síos amaċ ag cábógaiḋeaċt go Ḃaile an Ṁistéalaiġ. D'ḟanaidís ar feaḋ mí nó ḋó laistíos ⁊ nuair a ṫigidís a ḃaile ċuġainn do ṫógfaidís éinní go dtí na cuirp ar na huaġnaiḃ, do ḃíoḋ a leiṫéidí sin do sgéalṫaiḃ ⁊ d'eaċtraiṫiḃ aco ḋ'á innsint ar na cúrsaí greannṁara do ṫuiteaḋ amaċ orṫa an ḟaid a ḃídís a baile.

Do ḃí beirt ḟear 'n-a gcoṁnuiḋe i ngiorraċt dó nó trí 'ṗáirceannaiḃ do ṫiġ mo ṁáṫar. Do ṫéiḋeaḋ an ḃeirt seo ċóṁ riúrálṫa leis an mbarún síos amaċ ag baint na bprátaí gaċ aon ḃliaḋain a ḃeireaḋ orṫa ⁊ nuair a ṫigidís a ḃaile ba ḋóiċ leat orṫa gur ag Tír na nÓg a ḃíodar, do ḃíoḋ a leiṫéid sin do sgolṫa fúṫa ag innsint sgeulṫa ar na cúrsaí le greannṁaireaċt do ṫuiteaḋ amaċ orṫa an ḟaid a ḃídís a baile,—i dtreó gur ṁinic a ġuiḋinn an lá

feicsint go mbeinn críonna láidir mo ḋóṫain ċun go raġainn síos amaċ 'n-a dteannta.

Is air sin a ḃíos ag cuiṁneaṁ lá buiḋe fóġṁair ⁊ me ag deunaṁ giúrnála éigin i n-aice an ḃóṫair nuair airiġeas fuaim gáirí ċuġam aniar an bóṫar ⁊ cad a ċíḋfinn ag deunaṁ orm ná an ḃeirt fear so go ḃfuilim ag tráċt orṫa ⁊ a ráinní ar a nguailniḃ aco.

Nuair a ṫángadar am' aice duḃradar liom gluaiseaċt orm i n-éinḟeaċt leó síos amaċ. Duḃairt láiṫreaċ go raġainn aċt iad ḟanaṁaint ar feaḋ leaṫ-uaire liom ċun go ḃfaġainn me féin ollaṁ i gcóṁair an ḃóṫair.

"Riṫ ort, má 's eaḋ," arsa iad-san ag gáirí.

Do riṫeas isteaċ ag triall ar mo ṁáṫair. D'innseas di go raiḃ an ḃeirt fear so ag dul síos go Baile an Ṁistéalaiġ ag cábóg-aiḋeaċt ⁊ go raḃas féin ceapaiṫe ar ḋul i n-éinḟeaċt leó.

"Airiú, a laoġ," arsa mo ṁáṫair, "goiḋé sin ar siuḃal agat: bíoḋ ciall agat ⁊ fan annsain sa' baile duit féin. Is minic

airiġinn t'aṫair, beannaċt Dé le n-a anam, d'á ráḋ go gcaiṫfeaḋ na sgláḃaiṫe ḃeiṫ ag obair ó ḋuḃ duḃ fé ḟliuċara ⁊ fé ḟuaċt d'ḟeirmeóiríḃ an ḃaill sin ⁊ ná bíoḋ teine ná teas rómpa isteoiḋċe aċt aṁáin cúpla cipín brosnaiġ ⁊ rud ba ṁeasa ná san ná bíoḋ do ċóir leapṫa aco le fáġail aċt brioscarnaċ suip ⁊ seana-ċratair bairlíní a ḃíoḋ caiṫte amuiġ ar loċta sgiobóll 'n-a dtómus,—⁊ d'á ċóṁarṫa san féin, is mar ġeall ar an gcúrsa déiḋeanaċ a ṫug t'aṫair síos amaċ go ḃfuil sé sínte go tréiṫ sa reilig i ndiú . . ."

Do ḃí sí faid gaċ n-ḟaid ag gaḃáil dam ar an gcuma san ⁊ i n-ionad a cóṁairle a ġlacaḋ is é an rud a ḋeinear ná me féin olluṁuġaḋ i gcoṁair an ḃóṫair, ⁊ seana-ċiopóg ráinne árdaċ liom ⁊ dul mar ar ḟágas na fir seo,—aċt ḃíodar imṫiġṫe. Seo ċun reaṫa 'n-a ndiaiḋ me ⁊ ní raiḃ mo riṫ i n-airtear mar ṫánag suas leó i n-aice Ṡráid-an-Ṁuilinn. Is aṁlaiḋ a leaṫ a súile orṫa nuair a ċonnaiceadar me.

"Airiú, cá raġair?" arsa iad-san liom.

"Cá raġainn," arsa mise, "aċt síos amaċ

í n-éinḟeaċt liḃ-se ⁊ nár ṁór an náire ḋíḃ nár ḟan liom?”

Duḃradar liom filleaḋ a ḃaile arís mar ná raiḃ aon ġnó síos agam, go raḃas ró-lag ċun oibre i measg meiṫile ⁊ go mb'é gur ṫrúig ḃáis dam é ⁊ dá mb' eaḋ go mbeaḋ mo ṁáṫair ag cuir a ṁilleáin orṫa féin ⁊ mar ġeall air sin ná beinn i n-aon ḃóṫar leó. D'ḟiafruiġeas ḋíoḃ cad 'n-a ṫaoḃ go raḃadar ag magaḋ fúm sar ar ḟágas an tiġ ⁊ duḃart leó go neaṁ-mbalḃ ná raġainn a ḃaile anois ċun go dtéiḋinn go Baile an Ṁistéalaiġ ar dtúis. Ḃíodar faid gaċ n-ḟaid ḋom' ċoṁairliuġaḋ ċun dul a ḃaile aċt níor ḃ'aon ċaḃair ḋóiḃ beiṫ liom mar ní ḟillfinn a ḃaile.

Do ṫiomáineadar leó isteaċ sa' tSráid ⁊ do leanas-sa iad ⁊ ní puinn riġnis a ḋeineadar innti nuair a ṫugadar a n-aġaiḋ ar ḃóṫar Ċeann-Tuirc. D'ḟanas-sa mar adeurfá cúpla céad ránn 'n-a ndiaiḋ mar ní leogfaḋ eagla ḋam teaċt níḋ-sa-ċoṁgaraiġe 'ná sain ḋóiḃ. Do ḃíomair ag siuḃal linn ar an gcuma san ċun gur ṫuit an oiḋċe orainn. Annsain do ḋruideas níḋ-sa-ċoṁgaraiġe ḋóiḃ le heagla go

raġaidís amúḋa orm sa doirċeaċt. Ḃa ġairid gur stop an ḃeirt aco suas ar lár an ḃóṫair ⁊ ḋíriġeadar ar ḃeiṫ ag cogarnaiġ le ċéile. Do ṫáinig as an gcogarnaċ gur ġlaoḋadar ċúca mise. Nuair a ṫánag ċúca dúḃradar liom go mb'ḟearra ḋam dul ṫar n-ais go Sráid-an-Ṁuilinn ⁊ fanaṁaint ann go maidin ⁊ go dtaḃarfaidís fiaċa mo lóistín dam i gcoṁair na hoiḋċe ⁊ me ḋul a ḃaile ḋam féin ar maidin. Duḃart leó ná raġainn.—Níor laḃradar focal eile liom aċt breiṫ orm ⁊ me leagaḋ ċúca ar lár an ḃóṫair. Do ḃíos ag spriútáil d'iarraiḋ me ḟéin a ḃogaḋ uata aċt ní raiḃ aon ċaḃair dam ann. Do ṫarraig duine aco ċuige caraḃat ⁊ do ċeangail sé mo ḋá láiṁ d'á ċéile. Annsain do ḋeineadar cronnóg díom ⁊ do ċuireadar mo ġlúine suas idir mo láṁa: nuair a ḃí sain deunta aco ṡáiṫeadar bata mo ráinne anuas ar ḟeacaḋ m' uileanna ⁊ fé ḃun mo ḋá iosgad—⁊ ṫugadar ceangal an ċipín orm ar an áit sin. Do ḃí beárna ar ċloiḋe an ḃóṫair 'n-a n-aice ⁊ ċuireadar isteaċ ṫar beárnainn me ⁊ d'ḟágadar annsain me.

Nuair a ḃíodar imṫiġṫe uaim do ḋíriġ

mo smuaínte ar ḃeiṫ ḋom' ċráḋ. Ba ġearr gur ḋíriġeas ar ḃeiṫ ag gol ⁊, ar nḋóin, níor ḃ'iongnaḋ sain, mar ní raiḃ aon taiṫiġe agam ar ḋóláraí an tsaoġail ⁊ me anois ceangailte go docht oiḋċe ḋorċa i nḋúṫaig iasaċta. Ní rabas ró-ḟada ceangailte nuair airiġeas "hó ḃó! hó ḃó!" ag duine ag teaċt féin' ġéin (=ḋéin). Ba ġearr 'n-a ḋiaiḋ sain gur ṫáinig bó go beul na beárnan aċt ċóṁ luaṫ is ċonnaic sí mise do ġlac sgárd í roṁam. Do léim sí ṫar n-ais go hanaiṫeaṁail ⁊ ċuir sí sgárd ann-sa ċuid eile do na buaiḃ. Do ḃí an té ḃí 'ġá dtiomáint ag troid 's ag aiġneas leó a d'iarraiḋ go raġaidís isteaċ sa' ṗáirc, aċt níor ḃ'aon ċaḃair do ḃeiṫ leó, mar, ċóṁ luaṫ is ṫigeaḋ aon ċeann aco go dtí an ḃeárna ⁊ ċíḋeaḋ sí mise, ní ċuirfeaḋ fear píce isteaċ í. I gcionn gearra-ṫamaill do ṫáinig an té ḃí 'ġá dtiomáint go dtí an ḃeárna feuċaint cad do ḃí ag cur an eagla orṫa, aċt mo ċráiḋteaċt! ċóṁ luaṫ is ċonnaic sé me mar ḃíos ar mo ċosa-ġiub b'é an rud a ḋein sé ná riṫ leis féin i dtáinirte an anma.

Do ḃíos annsain níos uaiġniġe ná riaṁ,

mar ċeapas ná geóbaḋ éinne an bóṫar go maidin:—Aċt do ġaiḃ: mar nuair a ḃíos ċun taltuġaḋ ċuġam féin ⁊ mo ṡúil curṫa agam d'aon ḟuasgailt ḟáġail d'airiġeas siosón cainte ag daoine tamall uaim ⁊ ag druideaṁaint liom. Nuair a ḃíodar ana-ċóṁgaraċ dam do stopadar suas ar an mbóṫar ⁊ ḋíriġeadar ar ḃeiṫ ag cóid-i-ḃfaid le ċéile.

"Is dóċa gur'b é an t-áiḋḃirseóir féin atá ann," arsa duine aco.

"Ní hé, ṁuise," arsa duine eile aco, "aċt duine éigin a ḃí ag imirt ar an amadán buaċalla sain: téanaíḋ oraiḃ anois ⁊ bíoḋ geall liḃ ná fuil éinne ag an mbeárnain róṁaiḃ."

Níor laḃras-sa aon ḟocal amaċ as mo ḃeul le heagla gur'b aṁlaiḋ a ċuirfinn sgáṫ orṫa nuair a fuaras gur ag teaċt fém' ġéin a ḃíodar. Do ṫángadar go dtí an ḃeárna ⁊ lantaor ar lasaḋ aco ⁊ d'ḟeuċadar isteaċ do ḋruim na beárnan le solus an lantaora. Annsain do laḃras ⁊ d'iarras orṫa i bpéin an tsaoġail teaċt isteaċ ċuġam ⁊ me sgaoileaḋ ó sna cruaḋ-ċeangalaċa a ḃí orm.

"Goiḋé an saḋas duine ṫu?" arsa iad-san.

"Ó! sgaoiliġiḋ me ar dtúis," arsa mise, "mar is ar éigin atá ionnam laḃairt, táim ċóṁ traoċta sain ag an ḃfársgaḋ atá orm."

Do ṫángadar isteaċ ċúġam ⁊ do sgaoileadar me óm' ċeangalaċa. Nuair a ḃíos sgaoilte aco do ċeistiġeadar me go dian ar cad fé ndeara ḋam ḃeiṫ ceangailte nó cad as me. Duḃart leó gur aniar ó Neiḋín me ⁊ gur grásaér ó'n áit sin a réiḋtiġ liom ċun beiṫiḋeaċ a ṫiomáint go Ceann-Tuirc do, ⁊ gur ag filleaḋ a ḃaile ḃíos nuair a casaḋ robálaiṫe orm san áit seo ⁊, tar éis a raiḃ d'airgeaḋ agam a ḃaint díom, gur ṫugadar an ceangal so orm. Níor leogadar dam a ṫuilleaḋ ḋom' sgeul innsint mar do ḋíriġeadar ar ḃeiṫ ag deunaṁ truaiġ dam, ⁊ d'iarr duine aco orm dul leis féin go dtí á ṫig go lá. Do ḋeinear rud air, ⁊ i ndeireaḋ na hoiḋċe do ġluaiseas féin ⁊ an fear so fé ġéin aonaiġ a ḃí i gCeann-Tuirc. Nuair a ṗroiseamair Ceann-Tuirc níor ḟanas a ṫuilleaḋ 'n-a ċuideaċtain aċt tiomáint liom an bóṫar soir ó'n sráid.

Ḃíos ag siuḃal liom go haonaraṁail ar an gcuma sain ⁊ ag cuir tuairisg' na sliġe

go Baile an Ṁistéalaig ar gaċ éinne a ċaistí orm fan bóṫair:—Is é ḟaid ar a ġiorraċt go raiḃ Baile an Ṁistéalaig sroisiṫe agam go luaṫ um ṫráṫnóna Dé Saṫarainn.

Ar maidin i mbáireaċ do ċuaḋas mar a raiḃ na cábóga. Do ċonnac an dá ġiúċ a ċeangail me 'n-a measg, aċt mara sluig-feaḋ an talaṁ iad ní ḟaca aon ṗioc díoḃ as sain go hoiḋċe.

Ba luaṫ um ṫráṫnóna do ḃí réiḋtiġṫe leis na sgláḃaiṫe go léir ⁊ gaċ éinne aco imṫiġṫe as an sráid, aċt am' ṫaoḃ-sa níor ḟiafruiġ éinne díom cad do ṫug me. Do ḃíos annsain am' ċaonaiḋe aonair ar feaḋ tamaill i dtreó gur ċeapas gluaiseaċt orm a ḃaile arís, nuair a ṫáinig sean-duine ⁊ seana-ḃean go raiḃ asal ⁊ turcail aco mar a raḃas. Do luiġeas féin ⁊ an sean-duine ar ċaint le ċéile ar feaḋ tamaill ⁊ b'é ṫáinig as ár gcaint gur réiḋtiġ sé liom ar ċoróinn go ceann seaċtṁaine.

Do ċuaḋas a ḃaile i n-éinḟeaċt leó ⁊ ba ró-ṁaiṫ an t-ionad dam ḃeiṫ aco. Ní raiḃ aon uaigneas orm i gcaiṫeaṁ na seaċt-ṁaine sin mar ḃíoḋ buaċaillí an ḃaill ag

teaċt ag sgoruiḋeaċt ċugainn gaċ aon oiḋċe ⁊ sgeulaiḋe ana-ḃreáġ do b'eaḋ an sean-duine.

Um ṫráṫnóna Dé Saṫarainn do ṫáinig a ḋá oiread daoine ċúġainn is do ṫigeaḋ aon oiḋċe eile ⁊ do ḃí aon ḃuaċaill amáin 'n-a measg a ḃí ana-ḟearaṁail go léir ⁊ i n-aiṁḋeóin a raiḃ do ḃuaċaillí sa tiġ do ḃí "giub geab" aige liom féin. I nDeireaḋ bárra d'ḟiafruiġ sé ḋíom cad as me. Duḃart leis ná feadar mar gur ḃfear clear m'aṫair ⁊ ná raiḃ aon áit ċóṁnuiḋte riaṁ aige aċt ag imṫeaċt ó aonaċ go margaḋ ar fuid ċeiṫre ċúige na hÉireann.

"Nár ċóir go dtiorspeánfá clear éigin leis dúinn?" arsa an buaċaill seo.

"Muire, ní maiṫ liom," arsa mise "beiṫ ag gaḃáil do ċlearaiḃ i n-aon ċor mar ċíḋim daoine go minic ag deunaṁ clear ⁊ nuair a ġaḃann beart 'n-a gcoingiḃ gur b'aṁlaiḋ éirġid siad ċun stalcaiḋeaċta, ⁊ mar ġeall air sin do ṫugas-sa suas iad."—Do ḋiriġ na buaċaillí go léir ar ṫaṫaint orm clear éigin a ṫiorspeáint dóiḃ: ⁊ duḃairt an plubaire seo ná tiorspeánfainn mar ná feudfainn é. Duḃart-sa go dtaḃar-

fainn le ráḋ ḋo go ndeunfainn cleas a ċeipfeaḋ air sin dá mbaḋ ṁaiṫ liom é.

“'Seaḋ, feicfimís tu 'ġá ḋeunaṁ,” arsa eisean.

Do ċuireas pic ar lár an tiġe ⁊ do líonas suas d'uisge í. Do fuaras spiún ⁊ do ṡuiḋeas ar ḟuarma i n-aice na pice. Annsain do ċuireas mo ḋá láiṁ amaċ fé ḃun mo ḋá iosgad ⁊ ċaiṫeas trí spiúna uisge síos do ḋruim mo ċinn. Duḃart leis an mbuaċaill seo, dá ṁeud plubaireaċt a ḃí air, ná feudfaḋ sé an cleas sain a ḋeunaṁ. Duḃairt sé go ndeunfaḋ ⁊ gur ġeárr an ṁoill air é.—Do ṡuiḋ sé ar an ḃfuarma ⁊ do rug sé ar an spiúin fé mar a rugas-sa ⁊ seo é ċun an uisge a ċaiṫeaṁ do ḋruim a ċinn. Duḃart-sa leis náċ mar sin a rugas féin ar an spiúin ⁊ go gcaiṫfeaḋ sé leogaint dam a láṁa a ṡocruġaḋ sa ċeart uirṫe. Do ċromas síos, dar leis, ċun a láṁa a ṡocruġaḋ 'sa' ċeart ar an spiúin, aċt i n-' ionad sain a ḋeunam b'é an rud a ḋeineas ná tarrac a ḃaint as a láṁa ⁊ é ċur 'n-a ṡuiḋe ar a ṫóin istiġ san uisge. Leis sin do ċuir na buaċaillí go léir guṫáirc asta nuair a connaiceadar an driuċ a ḃí

air ⁊ do riṫeas-sa i dtaoḃ ṫuas díoḃ sa ċúinne le heagla go maireóḃaḋ sé me nuair éireóġaḋ sé,—aċt níor ġáḋ ḋam an t-anaiṫe: mar is aṁlaiḋ a riṫ sé leis féin amaċ an dorus le heagla go ndeunfaiḋe "beṫé" ḋe.

Ar maidin lá ar n-a ḃáireaċ fuaras mo ṗáḋ ó'n sean-duine ⁊ do ṫánas a ḃaile ; ⁊ ó'n lá sain ó ṡoin níor ḋeaġas síos amaċ.

FEIRMEOIR ⁊ BUAĊAILL.

Mórán bliaḋanta ó ṡoin, ḃí feirmeóir ann, is buḋ ana-ḋeacair d'aon tseirḃíseaċ é do ṡásaṁ. Dá gcuirfidís an cnoc so ar an gcnoc úd ṫall buḋ ḋóiġ leis nárḃ' aon obair ḋóiḃ é. Ḃí aon ḃuaċaill aṁáin aige go háiriġṫe, is ċeap sé in' aigne sásaṁ a ḃaint de de ċionn an luiġead oibre do ḋeineaḋ sé. Ṫug sé ós cóṁair na cúirte é.

Do glaoḋaḋ suas ar an ḃfeirmeoir ċum fiaḋnaise do ṫaḃairt uaiḋ, is féaċaint cad do ḃí le ráḋ aige. Dúḃairt sé ná raiḃ

fonn air dadaṁ do ḋéanaṁ is go ngaḃaḋ sé :—

"An cóṁgar ċum an ḃíḋ
'S an tímċeall ċum an hoibre."

Dúḃairt an giúistís go raiḃ sain dona go leór, is glaoḋaḋ suas ar an mbuaċaill ċum é féin do ċosaint, má ḃí aon níḋ le ráḋ aige.

Dúḃairt an buaċaill leo gan cluas do ṫaḃairt don ċéad sgéal go mbéarfaḋ an dara sgéal orṫa. Ċuir sé i n-uṁail dóiḃ go raiḃ easbaḋ bíḋ ag cur air go dian, is go raiḃ sé oireaṁnaċ ar obair do ḋéanaṁ is gur mar seo ḃíoḋ an cúrsa aco :—

"An t-uaċtar d'ḟear an tiġe
'S an t-íoċtar d'ḟear na hoibre,
Éirġe moċ ⁊ luiġe déiḋeanaċ,
Beagán le n-iṫe ⁊ mórán do ḋéanaṁ."

Agus ar seisean, "Dá ḋonaċt é an biaḋ atá an gléas atá agam ċum oibre do ḋéanaṁ seaċt n-uaire níos measa."

"'Siad so iad, a ḋaoine uaisle" :—

"Sluasad ṁaol ṁanntaċ is leaṫ-ḃeann ar píce,
Seana-ḃota briste, ⁊ brusgarnaċ aoiliġ

Ċapall caol árd i gcoimniṁ cnocáin gan
iarann,
Ḃuaċaill caol seanda 's is gann ḟaġtar
biaḋ ḋó."

"Dar ndóiġ," ars' an giúistís, "níl éinne i n-Éirinn do ṫabarfaḋ milleán duit de ḋeargaiḃ do ċuid díoṁaointis."

Do órduiġ sé do'n ḃfeirmeóir dul a ḃaile 's an buaċaill do ġlacaḋ arís 'na ḟeirḃís, is gléas fóġanta oibre d'ḟáġail ḋó 's a ḋóiṫin le n-iṫe is le n-ól, 'pé sgéal é, is gur gairid go raġaḋ an buaċaill i ḃfeaḃas ċum a ġnóṫa do ḋéanaṁ.

An Táilliúir Meanmnaċ.

Timċeall daċad ḃliaḋan o soin do ċóṁnuiġ táilliúir ar na Ceapaċaiḃ, baile beag atá suiḋte timċeall ceaṫraṁa ṁíle siar ó ṫuaiḋ o Ċarraig an Aḋmuid .i. Príoṁ-ċaṫair Ḃaile Ṁairne. Do ḃí printíseaċ aige, buaċaill misneaṁail náċ cuirfeaḋ an saoġal mór eagla ná sgáṫ air. Dob é tiġ an táilliúra tiġ sgoruiḋeaċta an ḃaile.

Oiḋċe áiriġṫe dá raiḃ an táilliúir ⁊ a ḃuaċaill ag obair go díċeallaċ, ⁊ an ġasra eile cois na teine ag tráċt ar ṗúcaiḃ, duḃairt fear do'n ċruinniuġaḋ gur neaṁ-eaglaċ an fear do raġaḋ anonn go reilig Ġobnait, ⁊ plaosg do ṫaḃairt leis as. 'San am sain ba nós i reilig Ġobnait, gaċ uaiġ do ġeárrfaiḋe ann, aon ṗlaosg do noċtfaḋ ann do ċaiṫeaṁ i gcúinne na reilige, ⁊ dá ḃríġ sin do ḃí cárnán mór ann díoḃ 'san am so.

"Go deiṁin," arsa an printíseaċ, "is suaraċ an duais do geóḃainn, nuair do raġainn anonn ⁊ ṫaḃarfainn ċuġaiḃ é."

"Anois," arsa an sean-ṫáilliúir, "do réiḋtiġis liom-sa go ceann cúig mbliaḋan, ⁊ tá dá ḃliaḋain de'n téarma sain uait fós. Má ṫugair ċuġainn annso isteaċ anoċt plaosg ó reilig Ġobnait, do ġeoḃair uaim-se do ḋínntiúirí ar maidin i mbáireaċ ⁊ measaim go ḃfuil duais go leór duit 'sa' méid sin."

"Ḃíoḋ 'na ṁargaḋ," arsa an printíseaċ ag preabaḋ anuas do'n ḃórd go h-éasgaiḋ. Do ċuir uime a ḃróga ⁊ amaċ an doras leis. Nuair a ḃí sé imṫiġṫe tamaillín beag,

duḃairt an seana-ṫáilliúir: “Taḃarfaiḋ sé leis an plaosg gan amras, ⁊ caiṫfead searaṁ lem' ṁargaḋ. Imṫeóċaiḋ sé uaim ⁊ bead creaċta leis. Aċt,” ar eisean, ag smaoineaṁ arís do, “ragaḋ anonn ⁊ cuirfead eagla air, má's féidir.” Amaċ lem' ṡeana-ṫáilliúir 'ná ḋiaiḋ ⁊ do ġearr gaċ cóṁgar ⁊ do ḃí ag an reilig roiṁ an bprín-tíseaċ, ⁊ do ṡocruiġ síos é féin le h-ais an ċárnáin i gcúinne na reilige.

Buḋ ġairid do go dtáinig an príntíseaċ isteaċ ⁊ do ṡiubluiġ go dána go dtí an cárnán ⁊ do rug ar ṗlaosg 'na láiṁ. Annsain do labair an seana-ṫáilliúr ⁊ duḃairt, mar ġuṫ ó'n saoġal eile: “Fág annsain mo ċeann.” Do leig an buaċaill uaiḋ an plaosg go h-aireaċ ⁊ do ṫóg ceann eile. Duḃairt an seana-ḃuaċaill arís: “Fág annsain mo ċeann.” Do leig an buaċaill uaiḋ arís é ⁊ do ṫóg ceann eile. Do labair an táilliúir an tréas uair ⁊ duḃairt: “Fág annsain mo ċeann.” Do labair an buaċaill annsain ⁊ 'sé aduḃairt: “Dar ndóiġ, ní leat na cinn go léir,” ⁊ an geata amaċ leis.

Nuair a ḃí an buaċaill imṫiġṫe do ṫáinig

lán a ċroiḋe do eagla ar an dtáilliúir ⁊ riúd 'na ḋiaiḋ arís é. Do airiġ an príncíseaċ an fotrom 'na ḋiaiḋ ⁊ do ċeap sé gurab é fear an ṗlaoisg do ḃí ar a ṫóir, ⁊ do riṫ ċoṁ maiṫ ⁊ do b'ḟéidir leis gur ḃain sé amaċ an baile.

Ċoṁ luaṫ ⁊ do ċuaiḋ sé ṫar doras isteaċ do ċaiṫ sé an plaosg ar an mbórd ⁊ duḃairt: "Sin é agaiḃ é, ⁊ tá an fear gur leis é annsain isteaċ im' ḋiaiḋ." I gcionn tamaillín ḃig do ṫáinig an seana-ṫáilliúir isteaċ go corrṫa, tuirseaċ, tnáiṫte, brúiġte, basgaiṫe, tar éis a ċúrsa.

Annsain do ċuaiḋ luċt na sgoraiḋeaċta a ḃaile ⁊ do ċuaiḋ an seana-ṫáilliúir ⁊ an buaċaill a ċodlaḋ.

Ar maidin lá'r n-a ḃáireaċ do ċaiṫ an seana-ṫáilliúir a ḋínntiúirí a sgríoḃaḋ do'n ḃuaċaill, ⁊ d'ḟág sé slán ⁊ beannaċt ag muintir na gCeapaċ. Do ṫóg leis an plaosg ⁊ do ċuir tar n-ais 'sa' ċárnán é, ⁊ níor ṫug sé aon turus ar Ḃaile Ṁúirne riaṁ o ṡoin.

MUIRIS AN ṖREUĊÁIN.

Do ḃí a lán againn bailiġte ag sgoruiḋeaċt i dtiġ Ṡeáġain na bḟiacal an oiḋċe fé ḋeireaḋ, mar fear ana-ṡúgaċ is eaḋ é, ⁊ is feárr le n-a lán againn dul ag éisteaċt leis ag innsint sgeulṫa ná beiṫ ag gaḃáil do ċártaí mar a ḃíonn buaċaillí eile.

Do ḃíomar tamall ag caint mar ġeall ar an aimsir ⁊ 'ġá ráḋ ná feacamair na prátaí bainte ag gaċ éinne mór-ṫímċeall orainn i gcóṁair Lae Ṁuiris an Ṗreuċáin go dtí i mbliaḋna, ⁊ go mbíoḋ sean-daoine 'ġá ráḋ i gcóṁnuiḋe ná beaḋ aon ḃaoġal ó'n sioc orṫa go ceann coicṫiġise tar éis an lae sin.

“Ṁuire, a Ṡeáġain,” arsa mé féin, “an ḃfuil aon ċúntas agat ar goiḋé an bunuḋas a ḃí le Lá Ṁuiris an Ṗreuċáin a ġlaoḋaċ ar an gcúigeaṁaḋ lá deug do Ṡaṁain.”

“Am briatar féin go ḃfuil, ṁuire;” arsa Seáġan, “⁊ is minic a ġáirim nuair a ċuiṁniġim ar an ḃriaḋaċ a ḃí againn an uair a ṫosnuiġ an ainm sin ar dtúis ar an

lá sin, cé gur 'mó bliaḋain ó ṡoin é. Do ḃí feirmeóir annso nuair a ḃíos óg. Ní raiḃ do ċloinn aige aċt aon ṁac aṁáin. Muiris ab' ainm do'n ṁac, ⁊ ḃí sé féin ⁊ a aṫair áirimṫe ċun ḃeiṫ ar an dá sgannradóir ba ṁó a ḃí sa ṗaróiste le n-a linn. Ní ḟeudfaḋ aon ḃuaċaill aimsire ná fear oibre seasaṁ leó, do ḃídís ċóṁ dian sain orta. Do ṫáinig stracaire do ḃuaċaill óg ċúċa uair áirigṫe ar lorg oibre, ⁊ réiḋtiġ Muiris leis ar feaḋ bliaḋna ar deiċ púinnt. Tímċeall is mí tar éis an réiḋtiġṫe do ráinig go raiḃ ráiseanna sa tsráid seo ṫíos 'n-ár n-aice. Maidin lae na ráiseanna nuair éiriġ an buaċaill do ċuir sé a ċuid euḋaiġ ġlain uime. Nuair ċonnaic Muiris an buaċaill socair suas sé n-a ċuid euḋaiġ ġlain, d'ḟiafruiġ sé ḋe goidé an fuadar a ḃí sé.

"Táim ċun dul ag feuċaint ar na ráiseanna," arsa an buaċaill.

"Ní raġair ag feuċaint ar na ráiseanna," arsa Muiris; "ní ċun tu ḃeiṫ ag gluaiseaċt ad' ḟiaḋaire feaḋa ar an gcuma sain a réiḋtiġeas-sa leat, aċt ċun ḃeiṫ ag obair dam."

"Ar ndóin, taḃarfad-sa lá ag obair duit i n-ionad an lae seo," arsa an buaċaill.

"'Seaḋ anois," arsa Muiris, "is é an rud a ḋeunfaiḋ tú gan a ṫuilleaḋ dod' ġaċ-re-seo ṫaḃairt dam—mar táim ag taḃairt foláraiṁ duit, má ṫéiḋeann tú go dtí na ráiseanna, gan filleaḋ ar an dtiġ seo led' ṡaoġal arís."

"Is dóċa ná téiḋeann roġa ó'n réiḋteaċ," arsa an buaċaill, "⁊ gur fearra ḋam fanaṁaint; ar ndóin, ċeapas nár ḃ'aon deifir leat me ṫógaint lae ċun spóirt dam féin ó'n uair is go dtaḃarfainn lá ḋuit i n'-ionad."

Nuair ḋ'iṫeadar a mbreicfeast do ċuaiḋ Muiris ⁊ a ḃuaċaill amaċ sa ṗáirc ag baint ṗrátaí. Ní fada ḃíodar ag obair nuair a ḃí na cóṁarsain go léir ag gaḃáil ṫársa ag dul go dtí na ráiseanna.

"Náċ aereaċ an croiḋe a tá ag na daoine sin seoċas agat-sa," arsa an buaċaill le Muiris.

"Ná bíoḋ aon ḟormad agat leó," arsa Muiris, "mar ní'l ionnta aċt glaigíní. Is é fear an táḃairne a ḃeiḋ suas leis na ráiseanna um trátnóna, ⁊ is aige ḃeiḋ an

sport go léir ⁊ ní hag na hamadánaiḃ sin a tá ag lot an lae ḃreáġ so leo."

"Muire," arsa an buaċaill, "b'éidir nár ḃfearra dóiḃ a gcuid airgid a ḃeiṫ i bpoll an ḟala aca ag cuir clúṁ-liaṫ tríd ⁊ annsain b'éidir é imṫeaċt gan ṁaiṫ uaṫa fé mar imṫiġ sé ar Ṡeáġan na Sgolb nuair d'iṫ na franncaiġ air é."

"Cionnus é sin?" arsa Muiris.

"Do ḃí duine muintearṫa dam ṫiar i n-aice na fairrge," arsa an buaċaill, "go dtugaidís Seáġan na Sgolb air. Do ḃí beirt inġean aige. Do ḃí cleaṁnas socair aige do ḋuine aco ⁊ ceud púnt spré aige le taḃairt di. Do ṫáinig an t-ógánaċ go dtí tiġ an ċailín óig an oiḋċe roimis an bpósaḋ ċun na spré ḟáġail. I gcionn tamaill d'éiriġ Seáġan na Sgolb 'n-a ṡeasaṁ ⁊ ṗreab sé i n-áirde ar an mbórd. Ṡáiġ sé a láṁ isteaċ i bpoll an ḟala ⁊ ṫarraig sé amaċ sean-ḃulcais ceairt-eaċa (ciortaċ'a). 'Tar i leiṫ ċúġam,' arsa eisean leis an ógánaċ, 'ċun go dtugfaiḋ mé do spré duit.' Do ṡuiḋeadar araon ar ḋá ṫaoḃ an ḃúird. D'osgail Seáġan an ḃulcais, aċt má osgail, b'é an ċeud

rud a ḃuail uime ná Franncaċ. 'Míle murdal é!' arsa Seáġan, 'táim sgriosta! Ní'l folṫ dom' ċuid airgid le ċéile gan ḃeiṫ coganta! Faire go ḃráṫaċ, a Ċáit,' arsa eisean le n-a ṁnaoi, 'cad deunfaimíd? Gurab é an mac mallaċtain a ḃeurfaiḋ Franncaiġ na cruinne leis! Oċón! feuċ spré mo ċailín ḃig 'n-a ḃriosc ḃruaṫar annsain ar an mbórd os cóṁair mo ḋá ṡúl amaċ dá ḟaid a ḃíos 'ġá ċnuasaċ!' Do ḃí an uile ḟocal do'n ḟírinne aige 'ġá ráḋ mar ní raiḃ aon ṗioc d'á ċuid airgid le ċéile gan ḃeiṫ coganta ag na Franncaiġ 'n-a ṁion-raḃ."

Do ḃí an buaċaill ⁊ Muiris ag caint leó go breáġ síṫeóilte ar an gcuma sain go dtí gur ṫáinig aimsir dínnéir. Tar éis dínnéir do ḃuaileadar araon amaċ ċun dul ag obair dóiḃ féin mar a ḃíodar. Do ṫug an buaċaill fé ndeara go raiḃ Muiris ag cimilt a ḃas d'á ċéile ⁊ ag cur seilí orṫa anois is arís. D'ḟiafruiġ an buaċaill de an aṁlaiḋ a ḃí a láṁa teinn, tráṫ is go raiḃ sé 'ġá gcimilt d'á ċéile ar an gcuma sain.

"Ní haṁlaiḋ, ṁuise," arsa Muiris, "aċt

d'imṫiġ rud greannṁar orm: dá ḟaiḃearain a tá agam ⁊ is baoġalaċ go ḃfuil siad loitte orm mar táid siad líonta do ṁeirg."

"Loitfir iad, má ḃíonn tú 'ġá gcimilt ar an gcuma sain," arsa an buaċaill.

"Agus cad deunfaiḋ mé leó?" arsa Muiris.

"Cuir isteaċ i bpráta fuar iad," arsa an buaċaill, "⁊ fág ann iad ar feaḋ tamaill ⁊ ċíḋfiḋ tú go nglanfaiḋ sé an ṁeirg díoḃ."

Nuair a ċuadar sa ġarrḋa do ċuir Muiris an dá ḟaiḃearain isteaċ i bpráta. Annsain ċuir sé an práta ar ṫulċán cloċ a ḃí tamall uata. Ba ġeárr 'n-a ḋiaiḋ sain gur ṫug sé súil-ḟeuċaint ar an dtulċán ⁊ cad a ċíḋfeaḋ sé ná preuċán ⁊ an práta aige 'ġá árdaċ 'n-a ġob leis!

"Mo ċorp ó'n riaḃal go leanfad tú an fad atá sgraiṫ ar an dtalaṁ," arsa Muiris.

Leis sin do ċaiṫ sé an ránn fad a urċair uaiḋ ⁊ do riṫ sé i ndiaiḋ an ṗreuċáin. Do ḃí an preuċán ag imṫeaċt go móḋṁarac san aer ⁊ an práta 'n-a ġob aige.

Do stad an buaċaill suas ag feuċaint ar Ṁuiris ag riṫ i ndiaiḋ an ṗreuċáin. ⁊

gcionn tamaill duḃairt sé leis féin go mbeaḋ tuilleaḋ spóirt aige ó'n uair is ná raiḃ sé aige ag na páiseanna. Leis sin do riṫ sé fé ġéin an tiġe i n-anaiṫe an traoṫair. Do ḃí aṫair Ṁuiris ag tógaint aoiliġ amuiġ sa ċlós roimis.

“Airiú, a Ṡeáġain an ċroiḋe istiġ,” arsa an buaċaill, “tá Muiris imṫiġṫe ar a ṁeaḃair: riṫ i leiṫ ċúġam, riṫ i leiṫ ċúġam.”

“Airiú, cad imṫiġ air?” arsa an t-aṫair.

“An daġa ṁuire, rud greannṁar,” arsa an buaċaill; “do ḃí sé ag caint liom ċóṁ garta is d'ḟeudfaḋ aon ḟear i nÉirinn beiṫ tá ceaṫraṁa uaire ó ṡoin, ⁊ níor airiġeas pioc ċun gur ċaiṫ sé a ránn uaiḋ 'ġá ráḋ go leanfaḋ sé é an ḟaid a ḃí sgraiṫ ar an dtalaṁ.”

“Cia hé féin?” arsa an t-aṫair.

“Airiú, a ḋuine, ní ḟeadar,” arsa an buaċaill, “mar ní raiḃ éinne i n-aon ċor ann—aċt é ag riṫ 's ag feuċaint i n-áirde ar an spéir.”

Do ḟearċaiṁ an t-aṫair i n-áirde ar ċloiḋe an ċlóis ⁊ ċonnaic sé Muiris ag riṫ ⁊ é ceann-lomnoċtta.

"Ṁuise, go ḃfóiriḋ Dia orainn," arsa an t-aṫair go hoċlánaċ, "feuċ air sin do ṫubaist tuitiṫe amaċ anois orainn ⁊ gan éinne ar fuid an ḃaile i ndiu a leanfaḋ é!"

Ṫáinig máṫair Ṁuiris go dtí an doras, nuair airiġ sí an sean-duine ag caoi mar a ḃí sé.

"Airiú, goidé sin oraiḃ?" arsa ise.

"Tá droċ-sgeul againn, fóiríor," arsa an sean-duine; "tá Muiris boċt imṫiġṫe ar a ṁeaḃair. Riṫ síos go dtí páirc na páiseanna, a ḃuaċaill ṁacánta, feuċaint an ḃfaġfá éinne ann a leanfaḋ é."

Do riṫ an buaċaill fé ḋéin na páiseanna. Nuair a ḃí an páirc sroisiṫe aige do casaḋ buaċaillí aiṫnide ḋó air. Duḃairt sé leó go raiḃ Muiris imṫiġṫe ar a ṁeaḃair ⁊ go raiḃ sé ag riṫ treasna na mbailíaċa le neart buile ⁊ gur ċuir a aṫair é féin annso go dtí na páiseanna feuċaint an ḃfaġaḋ sé éinne ann a leanfaḋ e.

"Tá baoġal mór ar an staigín," arsa duine do na buaċaillí, "⁊ dá mbeaḋ sé imṫiġṫe uair is ceud, ní ċaill fimís-ne spórt an lae ċum dul ḋ'á ḟiaḋaċ."

"Cár ḃfearra dúinn spórt a ḃeaḋ

againn," arsa tuilleaḋ aca, "ná dul ḋ'á ḟiaḋaċ?"

D'ḟiafruiġeadar do'n ḃuaċaill cá raiḃ sé imṫiġṫe ċun go leanfaidís é. "Do riṫ sé anonn trearna an ḃaile," arsa an buaċaill, "⁊ tá ḟios agam, dá mbeaḋ siḃ i mbarra na carraige sin ṫoir, go mbeaḋ raḋarc agaiḃ air."

Ní raiḃ an ċarraig i ḃfad uaṫa ⁊ do riṫeadar ċun dul 'n-a barra ċun go ḃfeicfidís Muiris. Nuair a ċonnaic na daoine a ḃí mór-ṫímċeall orṫa ag riṫ iad, do ḃíodar féin 'ġá ḟiafruiġe d'á ċéile feuċaint goidé an ċúis go raiḃ na buaċaillí sin ag riṫ ó n-a ráiseanna. Duḃairt duine ṫall 's i ḃfus ná raiḃ aon ḃaoġal ná go raiḃ spórt éigin sa taoḃ eile ḋo'n ċarraig tráṫ is go raḃadar ag riṫ fé n-a ġéin. "An daġa ṁuise," arsa tuilleaḋ aco, "má tá, beiḋ ár gcion againn-ne ḋe." Leis sin do riṫeadar i ndiaiḋ na mbuaċaillí seo a ḃí imṫiġṫe fé ġéin na carraige. Is é ḟaid ar a ġiorraċt gur ar éigin ḟan éinne beag ná mór ag na ráiseanna gan riṫ go dtí an ċarraig—mar, nuair a ċonnaiceadar beul an tsluaiġ iompuiġṫe uirṫi, do ċeap gaċ éinne go raiḃ míorḃuilṫ éigin sa taoḃ eile ḋi.

Do ḃí Muiris san am sain ag riṫ ar inse ḃreáġ ḟocair a ḃí sa taoḃ eile do'n ċarraig ⁊ é ag caiṫeaṁ ċloċ leis na preuċánaiḃ. Do riṫ buaċailli d'ár aiṫin é síos san na carraige ⁊ do ṫángadar mór-ṫimċeall air ⁊ rugadar suas air.

"Sgaoiliḋ uaiḃ me," arsa Muiris, "nó ḃeiḋ sé imṫiġṫe ar mo raḋarc."

"Cia hé féin?" arsa na buaċaillí.

"Nác cuma ḋíḃ-se sin," arsa Muiris, "aċt aire ṫaḃairt d'ḃar ngnó féin."

"Ṁuire, go ḃfágaiḋ Dia ár meaḃair ḟaoġalta againn," arsa cuid aco.

"Mo ṫruaġ go bráṫaċ an fear boċt," arsa tuilleaḋ aco, "nác geárr a ḃí an bárṫan sain 'ġá ḃualaḋ, ⁊ is mór an truaġ a aṫair 's a ṁáṫair ḃoċt a ḃí i dtúrtaoiḃ leis i gcóṁair ḋeire a saoġail."

Do ḃí Muiris san na haimsire a d'iarraiḋ é féin a stracaḋ uaṫa ⁊ ná 'neósaḋ sé a ċúis d'éinne ċun go nduḃairt duine éigin:

"Nác tuigseanaċ a ṫriail a buaċaill, is teaċt sé ár ngéin go dtí na páiseanna ċun sgeula ṫaḃairt dúinn, mar níor ḃ'aon ċaḃair ḋó féin ḃeiṫ a d'iarraiḋ é ḟiaḋaċ."

"Mo ċorp ó'n riaḃal," arsa Muiris, "go

ḃfuil sain deunta aige liom, ⁊ is beag an truaġ mise a ḋein a ċóṁairle ó ṫúis. Ḃogaiḋ ḋíom, a ḃuaċaillí, mar ní'l aon easba meaḃraċ orm aċt ċóṁ beag le héinne agaiḃ féin, ⁊ is maiṫ a ḃí ḟios ag an mbuaċaill sin leis ná raiḃ—aċt cuid d'á ċlaḋaireaċt, mar is mór de a tá 'n-a ċorp."

"Cad a ḋein sé leat?" arsa na buaċaillí.

"Ṁuire, is dóċa go ḃfuil sé ċóṁ maiṫ agam é innsint;" arsa Muiris, "mar ḃeaḋ an claḋaire úd 'ġá innsint orm ar aon ċuma. Is aṁlaiḋ a ḃí ḋá saiḃearain i bpoll an ḟala agam le breis is bliaḋain ⁊ níor ḟeuċas orṫa i gcaiṫeaṁ na haimsire sin go dtí i ndiu. Nuair a ṫógas amaċ as an bpoll i ndiu iad, do ḃíodar líonta do ṁeirg. Do ḃíos 'ġá gcimilt idir mo ḃasa a d'iarraiḋ na meirge a ḃaint díoḃ. Do ċonnaic an buaċaill me ⁊ duḃairt sé liom go loitfinn iad dá mbeinn 'ġá gcimilt ar an gcuma sain. Annsain duḃairt sé liom iad a ċur isteaċ i bpráta fuar ⁊ go nglanfaḋ sain an ṁeirg díoḃ. Do ḋeineas a ċóṁairle. Do ċuireas isteaċ sa ṗráta iad ⁊ ċuireas an práta ar ṫulċán cloċ a ḃí tamall uaim. Ba ġeárr 'n-a ḋiaiḋ sain gur

árduiġ preucán 'n-a ġob leis an bpráta, ⁊ is ag fiaḋaċ an ṗreucáin sin a ḃíos nuair a rúgaḋair-se orm ; ⁊ tá náire fáġalta lem' ṡaoġal agam mar ġeall air : sin iad muintir na ndúṫaiġe le ċéile i n-áirde ar an gcarraig ag feuċaint orm.”

Do sgaoil na buaċaillí Muiris uaṫa annsain ⁊ ċuadar fé ġéin ṁuintire na carraige ⁊ d'innseadar dóiḃ goidé an imirt a ḋein an buaċaill ar Ṁuiris ; ⁊ na daoine go raiḃ ⁊ ná raiḃ caidreaṁ ar Ṁuiris aco do ġáireadar a ndóṫain um an mbotún a ḃí imṫiġṫe air. Do ṫáinig na daoine go léir ṫar n-ais go dtí páirc na ráiseanna arís ⁊ gan focal i mbeul éinne aco aċt ag gaḃáil do Ṁuiris ⁊ do'n ṗreucán.

D'ḟág an buaċaill an ṗaróiste annsain ⁊ ní ḟeadar goidé an saoġal ó ṡoin aige é ; ⁊ i dtaoḃ Ṁuiris do ḃíriġ gaċ éinne ar ḃeiṫ ag magaḋ fé, ⁊ ba ġeárr 'n-a ḋiaiḋ sain gur ċuir sé ceant ar a ḟeirm ⁊ gur ḋíol sé amaċ í. Annsain d'airtriġ sé féin ⁊ a ṁuintir síos i dtreó Ċondae Luimniġ ⁊ níor airiġeas aon tuairisg uaiḋ riaṁ ó ṡoin.

An Ġráinneóg agus an Gearrḟiaḋ.

Do ḃí gearrḟiaḋ óg cos-árdaċ ag siuḃal ar fuaid guirt ċoirce lá breáġ foġṁair ⁊ do ċasaḋ gráinneóg sgoṫ-aosda mí-ċúmṫa air. D'ḟeuċ an gearrḟiaḋ air le fuaṫ ⁊ le droċ-ṁeas ⁊ duḃairt: "Gráin ort! a ainṁiḋe ġránda gan ċrot, gan sgéiṁ, cad do ḃeir do leiṫéid do ṫruaġ nirt ar an saoġal so ar aon ċor?"

"Ní ḟeicim puinn sgiaṁaċt ort féin, ⁊ ní heól dam puinn tréiṫe fóġanta ionnat, aċt an saoġal mór sa tárr ort, a ċnáṁ-ṫoirt ḃuiḋe," ars' an ġráinneóg go feargaċ, "⁊, fós, ní'l níḋ ar eólus agat náċ eól dóṁ-sa ċoṁ maiṫ leat, ná gaisge nirt ná lúṫa ar do ċumas náċ féidir liom-sa do ḋéanaṁ."

"Dar ndóiġ, tá riṫ ⁊ léim agam go h-áiriġṫe, ⁊ a ċrot orm, níḋ náċ fuil ort-sa, a ċrúnca ṁí-áḋḃaraiġ," ars' an gearrḟiaḋ.

"Ní ḟeadar sain go fóil," ars' an

ġráinneog, "ċum go mbeiḋ triail againn air!"

"An aṁlaiḋ a ḟéidfeaḋ an donas leat, a óinsiġtín gan ċéill, dul ċum reaṫa liom-sa?" ars' an gearrḟiaḋ ⁊ lán a ċroiḋe do iongnaḋ air.

"Seaḋ go deiṁin, ṁaise," ars' an ġráinneóg, "⁊ táim i ndóċas láidir an teasbaċ do ḃaint díot leis."

"Agus cá mbeiḋ an rás againn?" ars' an gearrḟiaḋ.

"'San inse ġarḃa so ṫiar le hais na habann," ars' an ġráinneóg.

"Bí ullaṁ i gcionn leaṫuaire an ċluig, má 'seaḋ," ars' an gearrḟiaḋ, "ċum go ḃféaċam amaċ le ċéile é."

"Bead is fáilte," ars' an ġráinneóg; "ní ḃeiḋ moill orm aċt mo ṗroinn do ċaiṫeaṁ."

Agus do sgaradar le ċéile ⁊ ċuaiḋ gaċ aon díoḃ ċum a ġnáṫóige féin, ⁊ do innis an ġráinneóg d'á ḃain-ċéile cionnus mar do ḃí coiṁeasgar reaṫa idir é féin ⁊ an gearrḟiaḋ, "⁊ anois," ars' eisean léi, "caiṫfir ·cabruġaḋ liom ċum buaḋ do ḃreiṫ ar an bpataire gearrḟiaiḋ seo.

"Agus cionnus do ṫiocfair air sin?" ars' ise.

"'Neósad-sa duit," ars' eisean: "'San inse ġarrḋa seo ṫiar do ḃeiḋ an rás eadrainn; istiġ ins na claiseaċa 'seaḋ do riṫfeam. Tiocfad-sa i mbárr na claise, ⁊ tusa i mbun. Nuair ṫaḃarfad-sa an focal do'n amadán gearrḟiaiḋ úd, leigfead orm riṫ le fánaiḋ, aċt ní riṫfead ránn tailiṁ, ⁊ nuair ṫiocfaiḋ sé go bun, abair-se, 'táim annso roṁat,' ⁊ má riṫeann sé tar n-ais, bead-sa roimis."

Sin mar a ṫárlaiḋ, ⁊ do ṫáinig an gearrḟiaḋ go hionad an ċoinne, ⁊ do ḃí an ġráinneóg ann roimis. Do innis an ġráinneog do gur ins na claiseaċa do b'ḟearra dóiḃ riṫ.

"Sásta leis," ars' an gearrḟiaḋ.

"Seasaiṁ annsain i mbárr na claise," ars' an ġráinneóg, "⁊ taḃarfad-sa an focal duit; déarfad aon, dó, trí, ⁊ nuair déarfad-sa trí, gluaisimís. An ḃfuilir ullaṁ anois? Aon, dó, trí," ⁊ as go bráṫ lem' ġearrḟiaḋ go ndeaċaiḋ go bun.

"Táim annso," arsa caile na gráinneóige.

"Tar n-ais arís, má 'seaḋ," ars' an gearr-ḟiaḋ, ⁊ as go bráṫ leis arís, ⁊ nuair ṫáinig sé go barra, do ḃí an sean-ḃuaċaill roimis.

"Síos arís linn," arsa mo ġearrḟiaḋ boċt, ⁊ na súile ag imṫeaċt as a ċeann le bárr díċill. 'Sé críoċ an sgéil go raiḃ an gearrḟiaḋ boċt síos suas, ċum gur ṫuit an t-anam as, ⁊ do ṫóg na gráinneóga leó é, ⁊ do ḃí feóil ⁊ anḃruiṫe coigṫiġis aco air.

Sgannraḋ Ṡeáġain na ḃFiacal.

IS-t-oiḋċe Dé Doṁnaiġ do ḃailiġ a lán buaċaillí againn ag sgoraiḋeaċt go tiġ Ṡeaġáin na ḃFiacal. Tá Seáġan ana-ċríonna anois, ⁊ is mór an truaġ é, mar is é an ċuileaċta fir é is fearr 'sa' logán so, ⁊ tá cúis ṁaiṫ agam le sain a ráḋ, mar is ag triall air a ṫigeann buaċaillí an ḃaill seo ag sgoraiḋeaċt, an faid a ḃíonn na hoiḋċeanta fada ann. Tar éis sinn a ḃeiṫ tamall ag caint an oiḋċe seo mar ġeall ar ḃáire comórtais a ḃí idir buaċaillí Ċúil-Aoḋa ⁊ buaċaillí

Ċarraig-an-Aḋmuid ann-sa' lá roimis sin, duḃairt Míċeál Ua Céileaċair go raiḃ ár ndóṫain ráiḋte againn mar ġeall air, go raiḃ an oiḋċe ḋ'á caiṫeaṁ ⁊ gan aon sgeul ínnsiṫe fós ag fear an tiġe ḋúinn. Duḃramair go léir go raiḃ an ceart aige.

"'Seaḋ, a Ṡeaġáin," arsa Míċeál, "tánn tú críonna go maiṫ anois, ⁊ a lán do'n traoġal feiciṫe agat, ⁊ mórán sgeulṫa ínnsiṫe agat dúinn ar ċúrsaí greannṁara a ġaiḃ daoine a ṁair leo' línn, ⁊ an 'neósfá ḋúinn ar ġaiḃ aon ċúrsa greannṁar tu féin i riṫ do ḃeaṫa?"

'Neósaiḋ mé ḋíḃ a ḃuaċaillí, arsa Seaġán, sgannraḋ a ġaiḃ me an cúigeaḋ lá deug d'ḟóġṁar nuair a ḃíos oċt mbliaḋna d'aois, mar b'é an sgannraḋ é ba ṁó rug riaṁ me, ⁊ ḃíos ċóṁ cóṁgaraċ do'n ḃás an lá sain is tá mo ċosa do'n teine anois. Ann-san am sain ní raiḃ aon tiġ ar Ċarraig-an-Aḋmuid ná aon ċuiṁneaṁ go mbeaḋ go bráṫaċ ⁊ is é an áit go raiḃ an séipéal ⁊ an tsráid ná ṫoir annsain ar Ḃeul an Ġearrṫa. Do ċuaḋar ann ċun Aifrinn i n-éinfeaċt lem' ṁáṫair an lá so go ḃfuilim ag tráċt

air. Do ḃíomair ann tamall maiṫ sar ar ṫosnuiġ an t-Aifreann. Do casaḋ a lán garsún orm féiniḋ ⁊ ġluaisiġeas orm i n-éinḟeaċt leó ag caiṫeaṁ ċloċ 'san aoḋar ar feaḋ tamaill. Do ḃí mac fir tábairne 'n-ár gcóṁluadar go nglaoḋaimís Seáġan Fiaḋain air. Do ḃí coileán deas con aige. Do ḃíomair go léir ag fáġail ana-spóirt 'sa' ċoileán, mar, nuair a ṫuiteaḋ na cloċa a ḃíoḋ caiṫte 'san aoḋar againn ċun tailiṁ, do riṫeaḋ an coileán ċúca ⁊ d'árduiġeaḋ sé leis 'n-a ḃeul iad. Do ḃí cuid againn 'ġá ráḋ ná raiḃ aon ġaḋar le fáġail ab ḟeárr riṫ 'ná é.

“Airiú,” arsa mac píobaire a ḃí ann go nglaoḋaimís Diarmuid an Ṗíobaire air, “is beag an ḃríġ é ċun reaṫa seaċas an coileán atá agam-sa ⁊ fanaiḋ annsain go fóil go raġad ḋ'á iarraiḋ.” Leis sin d'imṫiġ sé uainn ⁊ ba ġeárr go raiḃ sé ċuġainn arís ⁊ coileán deas gearr-eirbeallaċ i n-éinḟeaċt leis.

“Airiú, a ġarsúna,” arsa mise, “náċ mór an truaġ ḋúinn, ó tá an dá ġaḋar ḃreáġṫa sain againn, gan sinn ṫall ar Bun

Laġaire, mar tá an áit ag brúċtaiġ le coiníní. Ḃíos tall ar an Raṫúnaiġ i nDé i n-éinfeaċt lem' ṁáṫair ag staṫaḋ sop pice ⁊ ḃí coiníní ar ár ndul ⁊ ar ár dteaċt rómainn ag Bun Laġaire tamaillín siar ó'n áit 'n-a ḃfuil an Sulán ⁊ Dúḃġlais ag bualaḋ im á ċéile, ċóṁ tiuġ is tá nóiníní ag fás ar an bpáirc sin ṫuas, ⁊ iad ag riṫ 's ag daṁas dóiḃ féin ar fuid na hínse. Duḃart lem' ṁáṫair go raġainn d'á ḃfiaḋaċ ċun go mbeirinn ar ċuid aca aċt ċoisg sí me ⁊ duḃairt sí liom ná feudfaḋ aoinne breiṫ orṫa gan gaḋar a ḃeiṫ aige."

"Am briaṫar," arsa na garsúin, "go raġam ann nuair a ḃeiḋ ár ndínnéar iṫte againn tar éis an Aifrinn."

Do ḃí an pobal go léir 'san am so ag dul isteaċ 'sa' tséipéal ⁊ ġluaiseamairne orainn isteaċ ann ċóṁ maiṫ leó. Tar éis Aifrinn d'iarr an Faircealaċ orm féin gan dul a baile ċun dínnéir mar go ḃfeudfainn é d'iṫe 'n-a ṫeannta féiniḋ.

"Airiú, a Ṡeáġain," arsa sinn go léir, "an é Faircealaċ Ua hUiḋir go ḃfuileann tú ag tráċt air?"

"Am briaṫar gur'b é, beannaċt Dé le n'-anam," arsa Seáġan, "⁊ cóṁnaos dóṁsa díreaċ ab' eaḋ é. Aċt goidé seo ḃí ar siuḃal agam mar ġeall air. Ó 'seaḋ: do ḃí cuireaḋ dinnéir aige ḋ'á ṫaḃairt dam, ⁊ cé ḃeaḋ ag gaḃáil ṫorainn le n-a linn ná mo ṁáṫair. D'airiġ mo ṁáṫair é ag taḃairt an ċuireaḋ ḋam ⁊, nuair a fuair sí é cóṁ fial is ḃí sé, do ċrom sí ar ġáirí ⁊ duḃairt sí liom fanaṁaint 'n-a ṫeannta dá mbaḋ ṁaiṫ liom é. Ní raiḃ uaim-se aċt a cead ḟáġail ⁊ ġluaisiġeas orm i n-éinḟeaċt leis an bḞairceallaċ go dtí á ṫiġ. Do ḃí tiġ an Ḟairceallaiġ 'sa' taoḃ ṫiar do Ḃeul an Ġeárrṫa. Do ḃí tiġ an píobaire ceangailṫe ḋe; ⁊ ar a aġaiḋ sin anonn 'sa' taoḃ eile 'ḃóṫar a ḃí tiġ an tábairne go raiḃ garsún na con 'n-a ċóṁnaiḋe ann. D'airiġeas 'n-a ḋiaiḋ sain gur a ball éigin aníos amaċ bean an píobaire ⁊ bean an tábairne: aċt bídís aníos nó i bfus, ní ḃacfainn leó anois, mara mbeaḋ go mbainfid siad lem' sgeul ar ball.

Nuair a ṡroiseamair tiġ an Ḟairceallaiġ do ḃí an dinnéar leogaiṫe amaċ ar an

mbórd rómhainn ⁊ do ṡuiḋeamair síos ḋ'á ḋ'iṫe; aċt ba ḃeag de a ḃí iṫte againn nuair airiġeamair ana-liúġaireaċ ⁊ gáiri amuiġ ar an mbóṫar. Siúd amaċ me féin ⁊ an Faircealaċ ⁊ a raiḃ ann ar fad againn 'feuċaint cad a ḃí suas. B'é fáṫ an ḟoṫroim go léir dá ċoileaċ a ḃí ag bruiġin le ċéile amuiġ ar lár an ḃóṫair ⁊ na daoine bailiġṫe i ḃfuirm roṫa mór-ṫimċeall orṫa ⁊ iad ag briseaḋ a gcroiḋe ag gáiriḋe im an mbruiġin. Duḃairt an Faircealaċ liom gur le bean an ṗíobaire ⁊ le bean an táḃairne an dá ċoileaċ. Do ḃí bean an táḃairne a d'iarraiḋ dul isteaċ trí sna daoine ċun na gcoileaċ a ċosaint ar a ċéile, aċt má ḃí, ní leogfaḋ na daoine isteaċ í.

"Airiú, a amadáin," arsa bean an ṗíobaire léi, "sgaoil leó féin: ar ndóin, dá marḃaidís a ċéile, náċ suaraċ an meula iad?"

"Feuċ ná sgaoilfead, ṁuire," arsa bean an táḃairne, "mara mbeaḋ agam aċt an pléisiúr go léir atá aca so ḋ'á ḟáġail ionnta a loṫ orṫa," ag tógaint cloiċe 'n-a

láiṁ ⁊ 'ġá caiṫeaṁ leis na coileaċaiḃ. D'aimsiġ an ċloċ a coileaċ féin i mullaċ an ċinn ⁊ marḃuiġeaḋ ar an láṫair sin é. Leis sin do ċuir na daoine go léir ana-liúġ suas di 'ġá molaḋ i dtaoḃ an ċruinnis a ḃí 'n-a láiṁ, aċt má ċuireadar, is aṁlaiḋ éiriġ sí ċun tola-ṁúaire ċúċa ⁊ ḋíriġ sí ar ḃeiṫ 'ġá spídiuġaḋ ar an láṫair sin. Do ṫosnuiġ bean an ṗíobaire ar ḃeiṫ 'ġá cóṁairliuġaḋ ⁊ duḃairt sí léi bualaḋ isteaċ a ḃaile ḋi féin, mar nár ḋein na daoine sin aoinní ar an sliġe uirṫi.

“An airiġeann tú,” arsa sean-duine ḃí ann, go nglaoḋaití Liam an Ṁagaiḋ air, le bean an táḃairne, “an magaḋ so ag Cáit an Ṗíobaire ḋ'á ḋeunaṁ fút anois tar éis do ċoilíċín a ḃeiṫ marḃ ort, ⁊ ḟios agat féin go maiṫ, mara mbeaḋ na daoine sin, go scornóġfá ar a ċéile iad.”

“B'ḟearra ḋi,” arsa bean an táḃairne, “dul síos mar a raiḃ sí ag bailiuġaḋ ċairreaḃáin ar a páġ, mar bíoḋ sí, do ṁucaiḃ Ṫaiḋg na Lópaí ná ḃeiṫ a d'iarraiḋ magaiḋ a ḋeunaṁ fúm-sa.”

“Doiġ ionnat, a ṡiorṫóir,” arsa bean an ṗíobaire, “marar ḃfuirirte ḋóṁ-sa do ċláiríní féin a léiġeaḋ ḋuit i dtaoḃ do ḋealḃair ag baile. An cuiṁin leat an uair a ḃíṫeá ag tarrac na móna ar do ḋrom leat ó'n bportaċ isteaċ 'sa' tsráid ⁊ 'ġá díol ann ar leaṫ-pinge an sgiaṫóg tar éis an arail ḟáġail ḃáis ar an gcrampán aṫar a ḃí agat.”

Do ċuir sain na daoine go léir ag gáiriḋe, mar beanín ṁórḋálaċ ḋroċ-ḃeulaċ ab' eaḋ bean an táḃairne, ⁊ ba ṁeasa leó bean an píobaire 'ná í. Nuair a fuair bean an táḃairne go raiḃ na daoine ag deunaṁ an ġeoin go léir fúiṫi féin, ba ḃeag ná gur ċaill sí a meabair le neart feirge, ⁊ sgaoil sí faoḃar a teangan ag spídiuġaḋ bean an píobaire ċóṁ mór go raiḃ cúḃrán le n-a beul, ⁊ ḃí sí ag cuir cainte ḋi ċóṁ tiuġ is d'aireóġfá an ḟuiseóg ag seinnt 'san aoḋar gan stad tar éis Lae 'le Ḃriġde.

Aċt ní fada fan·s-sa ag éisteaċt léi, mar ṫáinig Seaġán Fiaḋain ⁊ Diarmuid an Ṗíobaire ⁊ a ngaḋair aca ċuġam féin ⁊ ċun an Ḟaircealaiġ ⁊ duḃradar linn go

raḃadar ollaṁ ċun dul go Ḃun Laġaire ⁊ sinn á ġluaiseaċt orainn láiṫreaċ. Siar an seana-ṗóirse leis an gceaṫrar againn. Do ċonnaic na garsúin eile ag imṫeaċt sinn ⁊ san a raḃamair-ne ag Tobar an Ḟíona do ḃíodar sain tagaiṫe suas linn. Síos linn do ṫoil a ċéile ċun Carraigín an Raḋairc ⁊ soir ċun Clais an Ṁada' Ruaiḋ ⁊ san ar ṡroiseamair Carraig Tiġe Eoġain do ḋúisiġeamair ana-ṗaitre giorré. Do liuġamair go léir ⁊ do riṫeamair 'n-a ḋiaiḋ ċun bearṫa air: aċt cad a ḋein na coileáin, is dóiċ liḃ, ná, ċóṁ luaṫ is ċon-naiceadar é, a dtóin 'árdaċ 'n-a ndorn leó ⁊ teiċeaḋ leó féin a ḃaile le heagla roimis. Nuair a bíomair ag bráġaid Ċar-raig' Tiġe Eoġain ní raiḃ aon tuairisg ar an ngiorré ná ar ár gcoileánaiḃ againn. Annsain do stopamair go léir suas ⁊ ḋíriġeamair ar ḃeiṫ ag deunaṁ ár gcúṁaiḋ mar ġeall ar a ṁeataċt a ṫriail na coileáin.

"Muise, faire fúta mar ċoileánaiḃ," arsa Faircealaċ, "feuċ anois, dá mbeaḋ aon ṁaiṫ ioṁta, is maiṫ a ḃeaḋ ár bpáinṫeaċ giorré againn, ⁊ ġeóḃaimís sgilling air ó

Ḋóṁnall Ruaḋ ⁊ ḃuailfeaḋ sain pinginn an duine ḋúinn ⁊ feuċ gur breáġ an póca mírleán a ḃeaḋ ag gaċ aoinne againn ar a ṗinginn féin."

"Dá mbeaḋ pinginn ag Diarmuid an Ṗíobaire," arsa Seaġán Fiaḋain, "ní'l baoġal gur mírleáin a ċeannóċaḋ sé uirṫi: b'ḟeárr leis go mór í ċimeád 'n-a ṗóca mar ḃreáġ breáġ ċun go dteastóċaḋ ó n'-aṫair deóċán a ċeannaċ do'n ṗíb."

"Ní ḟeacamair aon rabairne mór ionnat féin riaṁ," arsa Diarmuid an Ṗíobaire 'ġá ḟreagra: "feuċ cad ḋeinis leis an bpinginn a fuairis aréir ó'n sagart i dtaoḃ aire ṫaḃairt d'á ċapall an faid a ḃí sé ag cur na hOla ar Ṁáire Ṁaol ná í ṡíneaḋ amaċ ar do ḋorn ċun do ṁáṫar i n-ionad aoinní a ċeannaċ duit féin uirṫi, ⁊ anois ċuirfinn geall leat, dá mbeaḋ an giorré marḃ againn ⁊ pinginn an duine againn d'á ḃárr, gur túirse a ḃeaḋ mírleáin ceannuiġṫe agam ná agat-sa."

"Ní túirse ⁊ ní tapaṁla, a spreallairín," arsa Seaġán Fiaḋain.

"Airiú, caiṫiḋ uaiḃ an sioṫa seaṫa sain,"

arsa an Faircealaċ.

“Caiteaḋ Seaġán Fiaḋain uaiḋ é, mar is é ṫosnuiġ é,” arsa Diarmuid an Ṗíobaire, “⁊ dá luaṫaċt a ċaitfiḋ sé uaiḋ é, is é a ḃuac é, mar ḋúḃfainn-se a ṡúile do ⁊ sain go tapaiḋ.”

“Sin rud ná feudfá a ḋeunaṁ,” arsa Seaġán Fiaḋain.”

“An daġa, is siḃ féin is córa a sgaoileaḋ ċun a ċéile,” arsa an Faircealaċ: “tiomáiniḋ liḃ anois é ⁊ nár stopaiḋ ár ndíċeall siḃ.”

Annsain do ḋein an dá ġarsún ar a ċéile ⁊ ṫosnuiġeadar ar a ċéile ġuailneáil. Do sgaoil an deiċneaḃar againn-ne leó féin ⁊ ṡeasuiġeamair ag bráġaid na Carraige ag feuċaint orṫa. Tar éis iad a ṫaḃairt tamaill ṁaiṫ ag fuirse le ċéile, do ṫosnuiġeadar ar na dóirniḃ; aċt dé beaṫa grásta Dé, an faid a ḃí an méid sin ar siuḃal do ḃí rud eile ar siuḃal ann-sa' spéir os ár gcionn i gan ḟios dúinn, mar, sar a raiḃ ḟios ag an mbeirt seo cioca aca ba ṫreise, do ṫuit splanc a ḃí ċóṁ mór le tiġ 'n-ár n-aice ar an inse ⁊ le n-a linn sin

do ṫáinig tóirneaċ a ḋein foṫrom ċóṁ huaṫḃásaċ gur ċeapamair gur ḃ'í an spéir a ḃí ag tuitim anuas orainn, 7 i lár na tóirniġe sin do ṫosnuiġ báirteaċ ar ṫuitim ċóṁ trom is ċífeá uisge ag tuitim le hearaċ—7 geallaim-se ḋíḃ náċ bfuiġean ba ċúram leis na garsúnaiḃ seo ná linn féin annsain, mar ṫáinig splanc 7 tóirneaċ eile ba ḟeaċt ṁó ná an ċeud ċuid.

Do rugamair go léir barróg ar a ċéile 7 ḋíriġeamair ar ġol le hanaiṫe, mar ḟaṁluiġeamair nár ḃfios goidé an neómat a ḃeimís marḃ 7 gan aon tiġ i n-aon ġiorraċt dúinn go riṫfimís ann 7 gan aon lagara ag na tóirneaċa ná ag an mbáirtiġ d'á taḃairt. I gcionn tamaill do ċuiṁniġeas féin ar ḃéilic a connac 'sa' ċliaṫán tear do Ċarraig Tiġe Eoġain an lá roimis sin 7 duḃart leis na garsúnaiḃ go raiḃ a leiṫéid ann 7 go mb'ḟearra dúinn dul fúiti. Duḃradar liom láiṫreaċ riṫ orm rómpa sé n-a géin. Do riṫeas ċóṁ maiṫ, 7 do leanadar me—7 is dóċa go raiḃ suas le fiċe tóirneaċ tagaiṫe tur

teiċ orainn sar ar ṡrois linn ḃeiṫ istiġ fé'n mbéilic.

Ní raiḃ droċ-ḟaoġal istiġ fé'n mbéilic againn, mar ní raiḃ aon dul ag an mbáirtiġ ar ṫeaċt orainn, ⁊ b'é an t-anaiṫe ba ṁó a ḃí orainn annsain ná eagla go dtuitfeaḋ tóirneaċ anuas ar an mbéilic ⁊ go maireóḃṫaiḋe sinn fúiṫi. Do ḃí an Sulán ⁊ Dúḃġlais ar ár n-aġaiḋ amaċ ⁊ ḃí an t-uisge 'san am sain éiriġṫe ċóṁ hárd le n-a bportaiḃ ⁊ ag tosnuġaḋ ar ḃeiṫ ag sgé amaċ ar na hínseaċaiḃ; ⁊ ba ġeárr eile go raḃadar clúduiġṫe ag uisge.

Nuair a ḃíomair mar a deurfá leaṫuair an ċluig fé'n mbéilic d'airiġeamair sgreadaċ ġránna 'sa' taoḃ ṫiar dínn a sgannruiġ sinn ċóṁ mór leis na tóirneaċa. Do ḟáiġ Diarmuid an Ṗíobaire a ċeann amaċ fé'n mbéilic ⁊ duḃairt sé go raiḃ miorḃuilṫ éigin ċuġainn aniar i mbarra tulca uisge a ḃí geall leis ċóṁ hárd leis an gcarraig ⁊ gur ḃ'ann a ḃí an sgreadaċ ⁊ go mb'fearra ḋúinn teiċeaḋ linn féin as an áit 'n-a raḃamair do ṗas nó go mbeimís báiḋte. Do ḃí sánas beag ag an mbáirtiġ ḋ'á

ṫaḃairt 'san am so ⁊ ní raiḃ na tóirneaċa ag teaċt ċóṁ trom ná ċóṁ tiuġ is do ḃíodar. Do riṫ Diarmuid an Ṗíobaire amaċ ar an mbéilic ⁊ amaċ linn-ne 'n-a ḋiaiḋ. Do ḃíos féin ar an ḃfear déiḋeanaċ ⁊ ba ḋóbair go mbeaḋ a rian orm, mar is ar éigin a ḃí mo ċosa glan-ḃailiġṫe agam airti nuair a ġluais an leac a ḃí ag deunaṁ sgáṫa ḋúinn fan na haimsire ar riṫ síos le cliaṫán na carraige ⁊ níor stop sí do'n rás sain go ndeaġaiḋ sí síos go dtí á bun. Do ḃí áṫas ár gcroiḋe orainn ná raḃamair fúiṫi mar dá mbeimís do ḃeaḋ ár gcnáṁa 'n-a snaois aici. Aċt níor ċuireamair ár n-áṫas i n-úṁail d'á ċéile, mar ḃí an ṁíorḃuilṫ a duḃairt Diarmuid an Ṗíobaire ċuġainn aniar ag snáṁ ar ḃarra na tuile: ⁊ cad a ḃeaḋ ann ná droiċead cláir a ḃí mar a ḃfuil an Seana-Ḋroiċead anois ⁊ beirt fear ⁊ beirt ḃan 'n-a seasaṁ istiġ ann ⁊ gaċ aon sgread ar a gcorp aca. Ní raiḃ fios againn 'san am sain gur ḃ'é an droiċead cláir a ḃí ann ná cia hiad a ḃí istiġ ann. Do ḋíriġeamair ar ḃeiṫ 'ġá 'niúċaḋ. I gcionn tamaill do ḃuail

Diarmuid an Ṗíobaire a ḃasa ar a ċéile ⁊ ḋíriġ sé ar ġol.

"Ó Dia linn," arsa eisean, "sin í mo ṁáṫair ag sgreadaiġ istiġ sa tseana-ċorraċán sain, pé rud a ċas ann í."

"'Sí díreaċ ⁊ mo ṁáṫair-se leis," arsa Seaġán Fiaḋain ag sgreadaiġ ċóṁ maiṫ leis, "⁊ is dóċa gur dá á'irseoir iad sain 'n-a dteannta a ṫáinig ḋ'á n-iarraiḋ ċun iad a ḃreiṫ leó go hifreann: ní ḟeudfaiḋe gan sompla éigin a ḋeunaṁ díoḃ 'sa' ċuma ḃíodar ag iṫe a ċéile ó ċianaiḃ."

Sar a raiḃ an corraċán tagaiṫe ċóṁ fada linn duḃairt Seaġán Fiaḋain go raġaḋ sé féin soir go Carraig Ṗuill na Ḃró, i gcás go mbeaḋ radarc aige ar a ṁáṫair ċun go dtéiḋeaḋ sí soir go Carraig Ċnúċ-ail. Duḃairt Diarmuid an Ṗíobaire ⁊ sinn go léir go raġaimís ann leis. Do riṫea-mair an fad á ḃí sé 'n-ár gcosaiḃ ⁊ ḃíomair 'n-ár seasaṁ ar Ċarraig Ṗuill na Ḃró sar a raiḃ an corraċán i ngiorraċt dá ċeud slaṫ dúinn, mar is amuiġ ar an uisge marḃ a ḃí ar na hinseaċaiḃ a ḃí sé ag snáṁ ⁊ mar ġeall air sin ní raiḃ aon deaḃaḋ

mór air ag gaḃáil soir ċugainn. Do ċrom an dá ġarsún ar lógóireaċt arís mar a ḃíodar roimis sin.

“Feuċaiḋ,” arsa an Faircealaċ, “ar na daoine go léir ag riṫ anuas na carraigreaċa ṫar Ċlais an Ṁada' Ruaiḋ ċugainn. Ní ḟeadar an ḃfeuḋfaimís aon stopán a ḃaint as an gcorraċán ċun go dtigidís.”

Do ḃí tor mór sailiġe ag fás ar an gcarraig 'n-ár n-aice ⁊ an t-uisge éiriġṫe ċóṁ hárd le lár an tuir. Is ag deunaṁ ar an dtor so do ḃí an corraċán. Do ċonnac féin bata péileála ar ḃarra an uisge i gcoinniḃ na carraige ⁊ é i n-aċrann 'sa' tor. Duḃairt leis na garsúnaiḃ, dá mbeaḋ an bata againn ⁊ é ċuir i gcoinniḃ an taoiḃ ṫeas do'n ċorraċán nuair a ḃeaḋ sé 'n-ár n-aice, go mb'éidir go gcoingeóḃaimís moill air ċun go dtagaḋ an congnaṁ orainn. Do ṫógamair an bata ⁊ nuair a ṫáinig an corraċán go dtí an tor do ċuireamair an bata cliaṫánṫaċ roimis. Do ḃí an t-uisge ċóṁ marḃ 'san áit gur stop an corraċán d'á ṡnáṁ ⁊ d'ḟan sé i n-aċrann 'sa' tor sailiġe ċun go dtáinig an congnaṁ orainn.

Do ḃí an ḃeirt ḟear ⁊ an ḃeirt ḃan ag lúġairiġ fan na haimsire ċun gur sáḃálaḋ iad, is annsain a fuaramair amaċ cé'r ḃ'iad an ḃeirt ḟear so ⁊ goidé an bunuḋas a ḃí leis an obair go léir. Constáblaiṫe nua a ṫáinig 'sa' ṗaróiste seo an lá ceudna ab' eaḋ iad. Do ḃíodar ag gaḃáil anoir trí Ḃeul an Ġeárrṫa ar linn na beirte ban so a ḃeiṫ ag troid le ċéile. Do ṫógadar leó 'n-a bpríosúnaċaiḃ an ḃeirt ḃan ċun iad a ḃreiṫ i láṫair giúistís a ḃí 'n-a ċóṁnaiḋe ṫuas i dtiġ na Cille ⁊, ar linn iad a ḃeiṫ ag gaḃáil suas an Droiċead Cláir, do ṫóg an tuile ċun siuḃail an droiċead ⁊ an ceaṫrar aco. Ní raiḃ claiḋe ná bóṫar 'san am sain ó'n Seana-Ḋroiċead go Poll na Ḃró, aċt an áit go léir i n-aon liḃéal aṁáin, ⁊ mar ġeall air sin, is aṁlaiḋ a ḃí marcaiġeaċt ḃreáġ ag an gceaṫrar.

Sin é agaiḃ, a ḃuaċaillí, an sgannraḋ is mó fuaras an fad atáim ar an saoġal, ⁊ is fada é sin, mar is dóċa ná maireann aoinne d'á raiḃ ag Carraig Ṗuill na Ḃró an lá uaṫḃásaċ sain aċt me féin aṁáin.

Dualgas an Droċ-Ċroiḋe.

Do ḃí feirmeóir ann fad ó, ⁊ ní ḃíoḋ éin-níḋ ag déanaṁ buaiḋearṫa ḋó de ló ⁊ d'oiḋċe aċt cionnus do ṫiocfaḋ sé ar ḟaiḋḃreas do ċruinniuġaḋ. Mar seo, oiḋċe aṁáin, ḃí sé féin ⁊ a ḃean ag cur 's ag cúiteaṁ le n-a ċéile ar an tseift do b'ḟearr ċuige. Do laḃair an ḃean, agus aduḃairt:

"Ní'l éin-tsliġe is fearr ċum airgid do ċnuasaċ 'ná gan puinn bíḋ do ṫaḃairt do na seirḃísiġ agus breiṫ ḃuntáisteaċ ar ċeannuiḋeaċt ⁊ ḃeiṫ tiúrsgalaċ."

"Im' ḃriaṫar," ars' an feirmeóir, "gur dóiġ liom go ḃfuil an ceart agat, agus deinimís aṁlaiḋ."

Ó ṡoin amaċ, nuair ḃeaḋ biaḋ d'á ċaiṫ-eaṁ 'san tiġ, ní ḃeaḋ ḋá ġreim iṫte ag éinne de sna seirḃísiġ nuair ġlaoḋfaḋ an feirmeóir ar an gcailín ċum an ḃúird do ṫógáil suas, ⁊ do deineaḋ. Do ċaiṫeadar tamall ar an nós soin, go mór-ḟaoṫair ⁊ go hocraċ, mar ní leigfeaḋ náire do na

seirḃísiġ gearán go mbíoḋ ocras orṫa. Oiḋċe aṁáin do casaḋ 'sa' treó ċuġṫa rábaire de ḃacaċ luaṫ láidir, ⁊ d'ḟiafruiġ sé de'n ċailín aimsire ar ḋóiġ léi go ḃfuiġeaḋ sé lóistín na hoiḋċe ó'n máiġis-treás.

“Ġeoḃair,” ars' an cailín; “aċt bíoḋ ḟios agat ná fuiġir puinn bíḋ istoiḋċe ná ar maidin.”

“Cionnus é sin?” ars' an bacaċ. “An aṁlaiḋ ná cuirfear roṁam é?”

“Ní heaḋ,” ars' an cailín. “Cuirfear do ċeart bíḋ roṁat; aċt, sul a mbeiḋ ḋá ġreim iṫte agat, déarfaiḋ an máiġistir liom-sa an bórd do ṫógáil, ⁊ caiṫfead a ḋéanaṁ.”

“Aċ! má's mar sin atá an sgéal,” ars' an bacaċ, “ní fiú biorán ⁊ é.”

Annsoin d'iarr an bacaċ lóistín na hoiḋċe ar ṁnaoi an tiġe, agus do fuair. Nuair do ḃí an suipéir ullaṁ, do ṡuiḋ-eadar go léir ċum an ḃúird; aċt ní raiḃ ḋá ġreim iṫte ag éinne aca, nuair duḃairt an máiġistir leis an gcailín an bórd do ṫógáil suas.

“Ar m'anam-sa! ná déanfaiḋ go fóill,”

ars' an bacaċ, "mar ní'l trian mo ṡáraiṁ iṫte agam-sa ná aca so leir," ar seisean, ag tagairt do na seirḃísiġ.

Ní leigfeaḋ náire do'n ḃfeirmeóir tos-nuġaḋ arís, cé go raiḃ ocras a ḋóṫain air, ⁊ d'ḟan an bacaċ agus na seirḃísiġ ag iṫe ċum go raḃadar sásta. Fé ċeann tamaill do ċuadar go léir a ċodlaḋ, agus do ċeartuiġ an bacaċ leaba ḋó féin ar an dteinnteán le hais na teineaḋ. Níor leig an t-ocras do'n ḟeirmeóir codlaḋ, ⁊, fé ċeann tamaill, d'iarr sé ar a ṁnaoi éirġe ⁊ blúire aráin do ṡoláṫar ċuige, go raiḃ sé caoċ ag an ocras.

"Ar m'anam, a Ṡeaġáin," ar sise, "ná fuil éan-ḃlúire aráin bácálta 'san tiġ."

"Éiriġ, máireaḋ," ar seisean, "⁊ dein císte baise, ⁊ buail fé'n luaiṫ é, ⁊ ní ḃeiḋ sé neómat ag bácáil ann."

D'airiġ an bacaċ an coṁráḋ so eatorra go maiṫ, aċt níor leig éin-níḋ air. D'éiriġ bean an tiġe, ⁊ do ḋein an císte baise go mear, agus do ḃuail fé'n luaiṫ ġríosaiġ é. Annsoin d'éiriġ an bacaċ aniar ar a ċorra-ġiob 'sa' leabaiḋ, agus do luiḋ ar coṁráḋ leis an mnaoi. Do b'ḟearr léi go

mór é ḟanaṁaint mar a raiḃ sé, ⁊ is í do ḃí go searḃ leis.

“Agus,” ar sise leis, go feargaċ, “ní ḟeadar cad do b'áil le ḃur leaṫ ag lorg déarca. Dá dtugaḋ siḃ aire d'ḃur ngnó, níor ġáḃaḋ díḃ ḃeiṫ 'n-ḃur stráilíḃ dío-ṁaoine ins na cúinní ag na daoiniḃ.”

“Tá gaċ uile ṗioc de'n ċeart agat, a ḃean an tiġe,” ars' an bacaċ; “aċt, im' ṫaoḃ-se ḋe, ní raiḃ leiġeas agam air. Do ċeapas lá dem' ḟaoġal ná beaḋ éan-ġáḃaḋ agam go bráṫ le dul ag lorg déarca. Seo mar ġaiḃ an saoġal liom: Ḃí beirt dearḃráṫar againn ann, ⁊, nuair ḃí ár n-aṫair ag dul ċum báis, d'ḟág sé feirm ṁór ṫailiṁ againn araon, ⁊ duḃairt sé linn dá leaṫ a ḋéanaṁ ḋi eadrainn, ⁊ go raiḃ maireaċtaint do ḃeirt againn innti. Sin mar ḃí. Do cailleaḋ an sean-ḃuaċaill, ⁊ do ċuireamar go galánta é. Tamall 'n-a ḋiaiḋ sin do ṫosnuiġeamair ar an ḟeirm a roinnt, agus do ṫógamair claiḋe teórann mar seo,” ar seisean, ag tarraing stríce tríd an luaiṫ i leiṫ ⁊ tríd an gcíste baire.

“Airiú!” ars' an ḃean go feargaċ,

"Leig ded' stríocanna, agus ná bí ag árd-uġaḋ luaiṫe ar fuid an tiġe."

"Éist, a ḃean," ars' an bacaċ, "go n-innsim mo sgéal duit. Tar éis an ċlaiḋe a ṫógáil, ní raiḃ mo ḋearḃráṫair sásta. Duḃairt sé go raiḃ an taoḃ do b'ḟearr de'n ḟeirm agam-sa. Annsoin do b'éigin dúinn teaċt ⁊ claiḋe eile do ṫógáil mar seo," ar seisean, ag tarrac stríce eile tríd an luaiṫ ⁊ tríd an gcíste.

"Airiú," ars' an ḃean, "táim ḋá ráḋ leat leigint do'n luaiṫ," cé naċ ar ṁaiṫe leis an luaiṫ ḃí sí, aċt ar ṁaiṫe leis an gcíste.

Níor ḋein soin do'n ḃacaċ é. Do lean sé ar a sgéal:

"Tar éis an ċlaiḋe eile seo do ṫógáil," ar seisean, "ní raiḃ mo ḋearḃráṫair sásta, ⁊ do b'éigin dúinn claiḋṫeaċa do ṫógáil mar seo ⁊ mar seo," ar seisean, ag tarrac stríocanna tríd an gcíste ċum gur loit sé é. Nuair ḃí soin déanta aige, "'Sé críoċ an sgéil, ar seisean, "gur b'éigint dam an ḟeirm ḟágáil ar fad ag mo ḋearḃráṫair agus imṫeaċt ag lorg déarca ḋam féin."

"Nár ġaḃaiḋ críoċ is fearr 'ná é tú," ars' an ḃean, ag iompáil uaiḋ síos, ⁊ ag dul sé ḋéin fir na leaptan.

"An ḃfuil an císte agat dam?" ar seisean.

"Ní'l," ar sise, "mar do loit an bacaċ orm é."

"Oċ, Dia linn!" ar seisean. "Cad do ḋéanfad ar éan-ċor? Ní ṁairfead ar maidin. Preab amaċ," ar seisean léi, "⁊ crúiḋ braon leaṁnaċta ḋam, ⁊ caiṫ gráinne mine coirce tríd."

Dó ḋein ċoṁ maiṫ. Amaċ léi agus do ċrúiḋ braon leaṁnaċta, agus do ṁeasg gráinne mine coirce tríd. Níor ḃ'é dearmad an ḃacaiġ preabaḋ amaċ go dorus an ċró ⁊ é iarraiḋ uirri. Ṡín sí ċuige an galún, mar ċeap sí gur ḃ'é a fear féin a ḃí ann. D'ól an bacaċ go tapaiḋ é, ⁊ isteaċ leis 'sa' ċúinne. Fé ċeann tamaill do ṫáinig an ḃean isteaċ, ⁊ ḋein ar a leabaiḋ ḋi féin ċum dul a ċodlaḋ.

"Taḃair ḋam an galún," arsa fear na leaptan.

"Airiú, a Ṡeaġáin," ars' an ḃean, "nár ṫugas duit ċeana ag dorus an ċró é."

"Uċ! Ḋia go bráṫ linn," ar seisean, "níor ḟágas an leabaiḋ ó ṡoin. Is dóċa gur do'n ḃacaċ do ṫugais e, pé diaḃal do ċas ċugainn é."

'Seaḋ, níor ḃacadar le héin-ḃiaḋ eile do ṡoláṫar go maidin, agus do ṁair an feirmeóir. Go moċ ar maidin d'ḟág an bacaċ slán aca, ⁊ níor iṫ sé broicfeast ná eile, ḃí a ḃolg ċoṁ teann soin d'éis na mine coirce; ⁊ is dóċa nár ḃ'éan-ġuiḋe fóġanta do ṫug an feirmeóir dó ar linn sgaraṁaint leis. Níor ḃog an sgannraḋ so croiḋe an ḟeirmeóra ċum éin-ċeart do ṫaḃairt do na seirḃísiġ, agus fé ċeann tamaill ní ḟanfaḋ seirḃíseaċ aige ar ór ná ar airgead, agus, i n-ionad saiḋḃris do ċruinniuġaḋ, is aṁlaiḋ do briseaḋ as a ċuid tailiṁ é, ⁊ do b'éigint dó féin ⁊ d'á ṁnaoi dul ċum marṫa i mboṫán boċt dealḃ ar ṫaob bóṫair. Oiḋċe áiriṫe dá raiḃ an lánaṁa boċt so ag troid le céile, gaċ éinne aca ag cur milleán beiṫ boċt ar an nduine eile, do labair guṫ leó, agus aduḃairt:

"Taḃarfad-sa caoi ḋiḃ ar ḃeiṫ go saiḋḃir arís, má's maiṫ liḃ é. Taḃarfad

aon trí aṫċuingí is maiṫ liḃ ḋíḃ, ⁊ taḃar-fad ċeiṫre uaire fiċead ḋíḃ ċum maċt-naiṁ.”

'Seaḋ, do ḃíodar go háṫasaċ anois, ⁊ do sguireadar de'n aċrann, agus do luiḋeadar ar ċainnt go cneasta le ċéile, is iad ag smaoineaṁ ar an saiḋḃreas do ḃeaḋ aca ar ball. Do ḃí teine ḃeag ḋeas ḃroṫalaċ ar a n-aġaiḋ amaċ. Fé ċeann tamaill duḃairt an tsean-ḃean:

“Ḃaḋ ṁaiṫ liom go mbeaḋ turcaoi reaṁar agam anois, mar baḋ ḋeas a róst-fainn é.”

Airiú! láiṫreaċ boill do ṫáinig sgrog-alaċ de ċearc Ḟranncaċ breaġ reaṁar anuas an simné ċuġṫa. D'ḟéaċ an sean-duine uirṫi le droċ-ṁeas i dtaoḃ a olcas a ḃí a haṫċuinge curṫa aici, ⁊ le seirḃṫean ċúiġṫi duḃairt sé:

“Ḃa ṁaiṫ liom go gceanglóġaḋ an turcaoi céadna suas do ḃarr do ċuinncín.”

Airiú, is ar éigin ḃí an focal as a ḃéal, nuair ċeangail an turcaoi suas do ċuinncín na mná.

“Is deas an aṫċuinge iarrais go deiṁin,” ar sise. “Sin dá ċeann aca

imṫiġṫe go holc uainn. Cad iarrfam anois?"

"Iarraimís ár ndóṫain óir," ar san seanduine, "agus cuirfead clúdaċ óir leaṫsmuiġ de'n turcaoi sin, ⁊ beiḋ tú ar an mnaoi uasail is breaġṫa 'sa' doṁan, ⁊ ċíonn an talaṁ gur ḋeacair sin a ḋéanaṁ ḋíot," ar seisean.

"Ó! ní ḋéanfaḋ éin-níḋ an gnó," ar sise, "aċt an turcaoi ḃaint díom-sa arís. Iarraim an turcaoi seo ḃaint díom-sa arís," ar sise.

Láiṫreaċ boill do ṫuit an turcaoi d'á cuinncín, ⁊ amaċ an simnē leis.

Do ḃí na trí aṫċuingí faċta aca, ⁊ iad curṫa go holc aca.

Bliaḋain ó'n oiḋċe sin do ḃíodar arís ag troid le ċéile 'sa' ḃotán, nuair laḃair an guṫ leó:

"'Seaḋ," ar seisean, "taḃarfad dá aṫċuinge anoċt díḃ agus caiṫfiḋ siḃ iad d'iarraiḋ láiṫreaċ, agus iarraiḋ rud éigin fóġanta."

'Sí an tsean-bean do laḃair ar dtúis:

"Iarraim," ar sise, "lán meidre de

ṗreabánaiḃ ċum bríste an tsean-ḃuaċalla do ḋeiriuġaḋ.”

“Ó! Ṁaire,” ars’ an seanduine, le bárr feirge ċúiġti, “iarraim-se gaċ éin-ċeann riaṁ ḃíoḃ do ropaḋ siar id’ sgórnaiġ ⁊ tú ṫaċtaḋ.”

Láiṫreaċ boilt do taċtaḋ an tsean-ḃean leis na ceirteaċaiḃ ar a aġaiḋ amaċ. Do fuair na síoṫṁaoir amaċ go raiḃ an tsean-ḃean marḃ, agus do tógaḋ an sean-duine. Do ḋein fínné an doċtúra é ḋaoraḋ, mar duḃairt sé gur ṫaċt an seanduine le ceirteaċaiḃ í. Do croċaḋ an seanduine annsoin, ⁊ sin í an ċríoċ do ġaiḃ an Feirmeóir Ocrais.

SGRÍOḂAḊ AN ĊORCÁIN.

“Náċ é an cat marḃ ċas ċum na háite-se mé
’S a liaċt cailín deas do ḟágas-sa im’ ḋéiḋ.”

Ḃí fear ann tá tamall maiṫ ó soin gur ḃ’ainm do Seaġán Córaċ. Ḃí sé ’n-a ċóṁnuiḋe le n-a ṁáṫair i dtiġ ḃeag ḋeas ċluṫṁar, agus ḃíodar go lán-ṡásta agus a ndóṫain le n-ól ⁊ le n-iṫe aca. Is é an sórt suipéir a ḃíoḋ aca gaċ oiḋċe leite

mine buiḋe. Nuair ḃíoḋ sé beirḃṫe do ṫógaḋ an ṁáṫair a cuid féin amaċ i méis, ⁊ d'ḟágaḋ sí cuid Ṡeaġáin 'sa' ċorcán ; ⁊ do ċaiṫeaḋ sí taosgán bainne isteaċ ann. D'iṫeaḋ Seaġán go meiḋreaċ sásta mar sin é, ⁊ ní ḃeaḋ éin-ṁeas ar éan-ċor aige air muna ḃfuiġeaḋ sé as an gcorcán é.

Do ġlaoiḋ an ṁáṫair Seaġán ċúiċi aon lá aṁáin ⁊ duḃairt sí :

"A Ṡeaġáin, a stóraiġ, táim ag smaoin-eaṁ le tamall go ḃfuil sé i n-am agat ḃeiṫ ag cuiṁneaṁ ar ṗósaḋ, ⁊ ar ṁnaoi óig éigin d'ḟaġáil duit féin, mar tá ḟios agat go maiṫ go ḃfuilim-se ag dul i gcríonnaċt, ⁊ ná féadfad maireaċtaint i ḃfad eile ⁊ mo lán traoġail d'ḟaġáil, ⁊ bíoḋ ḟios agat ná beiḋ compórd ort ċum go mbeiḋ bean éigin agat a ḋéanfaiḋ gnó an tiġe ḋuit."

Geallaim-se ḋuit ná raiḃ éin-leisge ar Ṡeaġán an ċoṁairle sin do ġlacaḋ ó n-a ṁáṫair, mar ḃí fonn pósta air féin le tamall.

Ċum mo sgéal a ḋéanaṁ gairid, do ṗós Seaġán cailín deas triopallaċ go raiḃ súil aige uirṫi le tamall. Duḃairt máṫair

Ṡeaġáin léi féin, mar ba ḃean ċiallṁar í, go n-imṫeóġaḋ sí go dtí tiġ deirḃféar di do ḃí 'na coṁnuiḋe i n-aice ḋi, ⁊ go ḃfágfaḋ sí an tiġ fé'n lánaṁain nua-ṗósta—go ceann cúpla seaċtṁain, pé i n-Éirinn é. Ḃí Seaġán go meiḋreaċ ar feaḋ an lae tar éis a ṗósta—mar ḃíonn gaċ éan-ḟear mar é. Nuair a ṫáinig am suipéir do ċuir an ḃean óg an leite síos, agus nuair ḃí sí beirḃte do leig sí amaċ ar ḋá ṁéis í, is ṫug sí copán breaġ leaṁnaċta do Ṡeaġán le n-a ċuid féin. Do duḃaḋ ⁊ do gormaḋ ag Seaġán boċt nuair ċonnaic sé ná fuigeaḋ sé an corcán le sgríobaḋ ó n-a ṁnaoi mar fuair sé i gcoṁnuiḋe ó n-a ṁáṫair. D'iṫ sé cúpla greim de'n leite ⁊ annsoin d'éiriġ ó'n mbórd go mí-ċéadtaċ neaṁṡásta. Do ṡuiḋ sé 'sa' ċúinne go duḃaċ doilġeasaċ gan oiread ⁊ focal do laḃairt. Do ḋein an ḃean óg a díċeall ċum an tormais do ḃaint de, aċt pé rud do ḋéanfaḋ sí ní ḟéadfaḋ sí húm ná hám do ḃaint as. Do ḃí sí ag briseaḋ a croiḋe ag iarraiḋ cuiṁneaṁ ar ḋein sí éin-níḋ do ċuirfeaḋ pus ar Ṡeaġán, aċt dá mbeaḋ sí ag smaoineaṁ go deóiḋ ní ḃeaḋ

pioc dá ḃárr aici. Do ṫug an ḃean boċt an dara suipéar ⁊ an tríoṁaḋ suipéar dó mar an gcéadna, ⁊ ní misde ḋuit a ráḋ ná gur ḃrónaċ neaṁ-ṡíḃialta an fear tiġe Seaġán an uair sin. Nuair ṫeip ar a ṁnaoi cainnt ná gáire do ḃaint as, d'imṫiġ sí go dtí a ṁáṫair agus í ag gol 's ag blaḋraiġ ⁊ do 'nis sí a sgéal brónaċ tríd síos di.

"Eist go fóill, ⁊ bíoḋ stuaim agat," ars' an ṁáṫair. "Cad do ṫugais do ċum suipéir?"

"Ṫugas leite mine buiḋe ḋó," ars' an cailín boċt.

"Cionnus ar ṫugais dó í?" ars' an ṁáṫair.

"Ṫugas dó í ċoṁ maiṫ is d'ḟéadfaḋ éinne í ṫaḃairt dó," ar sise. "Do leigeas amaċ ar ṁéis ġlain dó í, ⁊ do ṫugas copán breaġ leaṁnaċta ḋó léi."

"Anois," ars' an ṁáṫair, "éiriġ a baile arís, ⁊, nuair ḋéanfaiḋ tú an leite anoċt, tóg do ċuid féin amaċ ar ṁéis agus fág cuid Ṡeaġáin insan gcorcán. Caiṫ taos-gán bainne isteaċ ann is taḃair dó an corcán ċum iṫte as."

D'imṫiġ an ḃean óg a ḃaile ⁊ do ḋein sí mar a duḃairt máṫair a céile léi. Nuair fuair Seaġán an corcán, do léim sé go héadtrom éasgaiḋ ar an gcúinne. Do ḃuail sé a ḋá ḃais le céile le háṫas croiḋe. Ní misde a ráḋ ná go raiḃ fear tiġe súgaċ sásta luṫġáireaċ aici as soin amaċ.

Sin é mo sgéal-sa, ⁊ má tá bréag ann, bíoḋ, mar ní mise ċúm ná ċeap é.

SGÉAL AN DAILL.

Mórán bliaḋanta ó ṡoin ṫárla gur casaḋ dall go tiġ Ṁuinntir Iarḟlaṫa ar Ċúil an Ṁoṫair i mBaile Ṁúirne. 'San am úd ḃí na daoine ċoṁ neaṁspleáḋaċ agus ċoṁ fial go dtiuḃraidís óstuiġeaċt do ḋeóraiḋe ar feaḋ leaṫ-ḃliaḋna, b'féidir. De ḋaoiniḃ ġalánta b'eaḋ an dall so, agus ḃíoḋ capall aige ċum é aistriuġaḋ ó áit go háit. Nuair do ṫáinig sé um ṫráṫnóna go tiġ ṁuinntir' Iarḟlaṫa, cuireaḋ a ċapall ag sosaiḋeaċt i bpáirc do ḃí fé ḃun an tiġe. I mbun na

páirce seo ḃí tonnán bog, ⁊ dá mbeaḋ sé de ḋonas ar éin-ḃeiṫiḋeaċ go raġaḋ sé isteaċ ann, ní ró-éasgaiḋ do riṫfeaḋ leis teaċt amaċ as. Pé rud do ċas capall an daill ċum na háite seo, do casaḋ ann é, ⁊, nuair ċonnaic sé an féar breaġ bog ag fás ar an dtonnán, ċuir sé dúil ann. Ċuaiḋ sé isteaċ, ⁊, mó ḋá léir! súġaḋ síos go cnáṁ an droma é, agus báiṫeaḋ nó múċaḋ an beiṫiḋeaċ boċt ar an láṫair sin.

Nuair ġaiḃ an buaċaill aimsire amaċ ar maidin fuair sé an capall báiḋte 'sa' tonnán, agus ṫáinig sé láiṫreaċ boill ag triall ar an dall leis an sgéal. Buaċaill deaġ-laḃarṫa b'eaḋ é, mar gaċ buaċaill d'á ṡórd 'san aimsir úd—ní mar a ċéile iad agus súmairí na haimsire seo. Ḃí úr-laḃra agus éirim aco an uair sin. Ḃí éin-teanga aṁáin aco go fóġanta ⁊ ḃí fios aca cionnus an ċaint do ċur i ndiaiḋ a ċéile. Ní mar sin dóiḃ anois, ní'l Béarla ná Gaeḋilg aca, aċt iad ag aiṫris ar an seóinín.

Ċum filleaḋ ar mo sgéal, ṫáinig an buaċaill isteaċ, ⁊ ḃí an dall i n-a ṡuiḋe

'san gcúinne, ⁊ is mar seo d'innis sé an tásg do:—

"A ṡoilḃ-ḟir ḟairsing i nGallaiḃ ná bíoḋ do speóir;
Tubaist do ġlacaḋ feasta ní'l sliġe aige rómat;
I mullaċ do ċapaill go ḃfaca-sa níḋ ba ṁó
'Ná cineaḋ na ḃfearann gur baisteaḋ do ṡinnsear romat."

Do ṫuig an dall bríġ na ḃfocal go blasda. 'Sé an fáṫ go nduḃairt an buaċaill "go ḃfaca sé níḋ ba ṁó i mullaċ a ċapaill 'ná cineaḋ na ḃfearann gur baisteaḋ le n-a ṡinnsear roimis," mar gur ó Ġleann an Ṗréaċáin an dall, agus ṫuig seisean, mara mbeaḋ an capall beiṫ marḃ, ná beaḋ na préaċáin ag luiġe air.

Ġeallaim-se duit go raiḃ an dall deaġ-labarṫa a ḋóṫain do'n ḃuaċaill, ⁊ is é seo an freagra do ṫug sé air:

"A Éin-ṁic, d'ḟágais ar lár an anróiḋ mé,
Agus d'ḟágais mo ṡála ag tráċt na gcam-ḃóṫar;

Má leag an bás ar lár 'san neanntóig é,
Beirim mo ṡlán fé'n mbáille i ngeall-
tóireaċt."

Ċuir an dall i n-uṁail do'n ḃuaċaill dá ḋeas-ḃéalaiġe do ḃí sé, má ḃí a ċapall báiḋte, ná raiḃ éin-ḃeann aige ar an mbáille.

Ḃí cliaṁain do Ṁac Uí Iarḟlaṫa 'san tiġ an ṁaidin sin darab leas-ainm "Taḋg na Súl mḃeag." Ceiṫearnaċ mór do b'eaḋ Taḋg, ⁊ ṫeastuiġ uaiḋ go ndéanfaḋ an dall ḃéarsa aṁráin ag molaḋ a ṁuinntire féin. Ní freagra ró-ċeannsa do ṫug an dall air, mar nár ṫuill treiḃ Ṫaiḋg éan-ṁolaḋ. Ġaiḃ tolaṁóire Taḋg, ⁊ ṫug sé claḃtóg do'n dall boċt, i dtaoḃ é eiteaċ, ⁊ ḋein sé rann é féin an uair ná déanfaḋ an dall dó é. Is mar seo aduḃairt Taḋg:—

"Is duḃaċ liom an ċuṁangraċt 'n-a
n-airiġim iad,
Na húir-ḟir ó'n Rúsgaiġ do ḃeaṫuiġeaḋ
cliar,
Complaċt nár dúnaḋ a ngeataí riaṁ,
'Gus nár túrnaḋ i rúsgaḋ 'ná i ngleac-
aiḋeaċt iad."

Ḃí fearg go leór ar an ndall um an am so, ⁊, nuair d'airiġ sé an rann so, ċuir sé ag maċtnaṁ é.

Ní raiḃ a ċuid filiḋeaċta ar iarraiḋ ag an ndall, mar ba ġairid an ṁoill ar Ṫaḋg do ċur 'n-a ṫost, ⁊ is mar seo aduḃairt sé :—

" 'Sé an cúis nár túrnaḋ 'san ngleaċaiḋeaċt iad,
Mar i ḃfionntar an ṗúdair ní ḃfaċtaoi iad ;
Úr-ṁairt ṫar triúċaiḃ do ḃeaṫuiġeaḋ iad,
'S i ngioll le corr-ċionntaiḃ do ċroċtaoi a dtrian."

Geallaim-se ḋuit nár ḟág an dall puinn measa ag Taḋg air féin ná ar a ṁuinntir. D'órduiġ an dall é ċur go tiġ duine ṁuinntearḋa do ḃí ag Tír-ġaoṫ i n-aice Ḋroiċid na Tuinne. Ċuir Mac Uí Iarḟlaṫa capall ⁊ giolla leis do'n áit, ⁊, nuair bí an giolla ag fágaint na háite, do tugaḋ litir dó ċum í ṫaḃairt do Ṫadg na Súl mBeag. D'osgail Taḋg an litir, agus 'sé an niḋ do ḃí innte 'ná ḃeiṫ ullaṁ a

leiṫéid sin de lá ċum sásaiṁ do ṫabairt i gclaḃtóig an daill. 'Sé an áit gur ċuireadar coinne ar a ċéile 'ná ag Gúgán Barra. Ṫáinig lá an ċoinne, is ní beag an iongnaḋ aċt an sluaġ ḃí bailiġṫe ag Taḋg ⁊ ḃí sluaġ an daill láidir go maiṫ leis. Tarraingeaḋ amaċ na fir ar gaċ taoḃ mar déanfaiḋe ar ṗáirc an ḃuailṫe, ⁊ ṗlanncadar a ċéile láiṫreaċ boill. Im' bara féin ḃí sluaġ Ṫaiḋg ró-láidir do ċuid an daill, aċt, ag déanaṁ amaċ ar an dtráṫnóna, ṫáinig garra d'ḟearaiḃ lúṫṁara aniar andeas de ḋruim na sléiḃte ċum an daill. Ní misde ḋuit a ráḋ 'ná go dtugadar so bualaḋ breaġ do ṁuinntir Ṫaiḋg ar an láṫair sin. B'ḟurus d'á ċuid fear méar do ċur ar ṗairte tinn tar éis an lae úd; b'í an ċlaḃtóg ba ṫinne í d'á dtug Taḋg d'éinne riaṁ. Fear mór bruiġne b'eaḋ Taḋg i gcoṁnuiḋe, aċt ó ḃuaḋuiġ an dall ar, ag an nGúgán, níor tarraing sé éan-ḃruiġean ċum go ndeaġaiḋ sé 'san uaiġ.

An Iasaċt.

Ins an aimsir do ġaiḃ ṫarainn is tiġṫe cinn tuiġe is mó ḃí ar fuaid na tíre, agus ins an am sain do ċuireaḋ na daoine ar ḃárr an tsimné, mar ḟeaḃas air, rud éigin déanta de ḟlataiḃ, i ḃfuirm cléiḃ no ċiseáin, mar ḃriseaḋ ar an ngaoiṫ, i n-ionad na bpíopaiḋe a cuirtar anois ionnta.

Do ḃí fear ann agus do ḋein sé morán saiḋḃris go cruaḋálaċ ar beagán faġáltais. Do ḃí aon inġean aṁáin aige agus ní ḟeadair sé cionnus d' ḟéadfaḋ sé cleaṁnas do ḋéanaṁ di le duine mór éigin.

Do ḃí fear óg ins an gcóṁarsanaċt aige go raiḃ sliġe mór marṫa aige, aċt go raiḃ sé beagán rabairneaċ, mar is gnáṫ le n-a leiṫéid a ḃeiṫ. Do ċuir sé teaċtaireaċt ċum an ḟir seo feuċaint an dtaḃarfaḋ se a inġean dó le pósaḋ. Do ṫáinig áṫas a ċroiḋe ar an inġin agus ar a máṫair mar ġeall ar an sgéal, ⁊ do

ċeapadar lá do'n teaċtaire ċum an fir óig do ṫeaċt ċúċa ag déanaṁ an ċleaṁnais.

Do ḋein bean an tiġe agus a hinġean an tiġ suas go háluinn i gcóṁair lae an ċoinne. Do ḃí gaċ aon níḋ go ró-ṁaiṫ aċt go raiḃ an simné go holc acu. Agus níor ḃ'ḟuláir leis an inġin ⁊ leis an máṫair go gcaiṫfeaḋ fear an tiġe dul a d'iarraiḋ iaraċt' cléiḃ acu so, ar ḋuine dá gcóṁarsanaiḃ, ar feaḋ lae an ċleaṁnais.

Is mar sin do ḃí. Do ḟuair sé an iaraċt agus ċuir sé i mbárr an tsimné é.

I gcaiṫeaṁ lae an ċleaṁnais dóiḃ, is dóċa ná raḃadar spárálaċ ar an móin. I ndeireaḋ an lae amaċ do las an simné agus an cliaḃ i dteannta a ċéile. Ba ṁó an ḃruid ar neómat ag múċaḋ an tiġe 'ná ag cur críċe ar an gcleaṁnas. D'imṫiġ na daoine iaraċta a ḃaile agus an cleaṁnas gan déanaṁ.

Seo mar duḃairt an seanduine agus é go cráiḋte—

'Mo ḋiaċair, mar iarras luċt imearṫa
'S óil!
Mó ḋiaċair, mar iarras luċt fiċidí bó!
Mo ḋiaċair, mar iarras cliaḃ cruinniġṫe
smóil!
Mo ḋiaċair an iasaċt, 's an teine 'ġá
dóġaḋ!"

Buḋ ċóir an iasaċt a ċur a-ḃaile.

Sgéal Aonaiġ an Ṗuic.

Lá do ṫaisdealas ar an dtaoḃ ṫiar do Ċiarraiḋe, ⁊ do casaḋ tré aonaċ an-ṁór mé. Ċonnaic mé i n-áirde ar stáitse buicín gaḃair ⁊ é ceangailte, ⁊ ribíní do ḃí ceangailte d'á aḃarcaiḃ d'á séideaḋ leis an ngaoiṫ, ⁊ go deiṁin daoiḃ, níor ḟéadas gan gáire nuair do ċonnac é.

D'ḟiafruiġeas d'ḟear do ḃí lem' ais, caidé an bríġ do ḃí leis an mbuicín gaḃair a ḃeiṫ ceangailte ar a leiṫéid sin de ṡliġe.

D'ḟreagair sé mé go maiṫ, ⁊ is é an ċuma gur innis sé ḋam é, mar seo:—

Ḃí bean óg pósta ag fear críonna fad ó,

⁊, mar is gnáthach le cleamhnas mar sin d'iompáil amach, níor thaithn an fear leis an mnaoi ⁊ ní raibh ceart ná cóir d'á thabhairt aici dho.

Bhí bruighean mór eatorrtha aon lá amháin ⁊ do dhíbir sí an fear bocht ar fad. Do shiubhail sé roimhe go dtáinig sé go cnoc mór árd. Do bhuail sgata gabhar annsain uime ⁊ buicín 'n-a measg. D'fhiafruigh an buicín de, cad do bhí air, nó goidé an fáth go raibh sé amuigh comh déidheanach. D'innis sé a sgéal tríd síos do. Dubhairt an buicín leis cleith mhaith láidir do bhaint ⁊ teacht ar a dhrom.

"Ní'l aon sgian agam," ars' an fear.

"Léig do, máiseadh," ars' an buicín, "⁊ bainfead-sa féin é."

Do bhuail sé buille d'á adharcaibh ar chrann mór cuilinn do bhí ag fás le n-ais, ⁊ bhris géagán mór de.

"Tar annso ar mo dhrom," ar sé, "agus bíodh geall go mineochad-sa í."

Dhein sé mar sin ⁊ nuair a tháinig an buicín go dtí an tigh, thug sé a adharca do'n dorus ⁊ chaith isteach fé'n dtigh é. Bhuail sé suas chun na teineadh ⁊ do chimil

sé a ṁeigeall anonn ⁊ anall tré an ċoigilt ⁊ d'éiriġ an baluiċe gránna ar fuaid an tiġe.

Duḃairt an ḃean leis an mbuaċaill aimsire éirġe, mar go raiḃ rud éigin d'á ḋóġaḋ. Ċuir an buaċaill uime, ⁊ siúd suas ċun na teineaḋ é, ⁊ do ṫárla gur ċuir sé láṁ ar ḋrom an ḃuicín ⁊ do ġreamuiġ a láṁ coṁ daingean d'á ḋrom ná féadfaḋ sé é ṫarraing.

Nuair dob' ḟada le bean na leapṫa ag feiṫeaṁ, ċuir sí an cailín aimsire ag féaċaint cad do ḃí 'á ċoimeád uaiṫi. D'éiriġ an cailín, ⁊ cá gcuirfeaḋ sí a láṁ ná ar ḋrom an ḃuaċalla ⁊ do ġreamuiġ sí ḋe mar an gcéadna. Ċimil an buicín a ṁeigeall arís sa teine ⁊, nuair ná raiḃ buaċaill ná cailín ag filleaḋ, d'éiriġ bean an tiġe fé ḋeireaḋ, ⁊ siúd fé ḋéin an ḃaluiċe ġránna í mar an ḃeirt eile, ⁊ cá gcuirfeaḋ sí a láṁ ná ar ḋrom an ċailín, ⁊ do ġreamuiġ a láṁ mar an ḃeirt eile ⁊, 'nuair a fuair an buicín bean an tiġe ceangailte, siúd amaċ an doras é, fear an tiġe ar a ḋrom ⁊ an buaċaill, an cailín ⁊ bean an tiġe 'n-a ḋiaiḋ aniar.

D'ionntuiġ sé a aġaiḋ ar Ḋaingean Uí Ċúis mar a raiḃ aonaċ an lá céadna, ⁊ ní raḃadar i ḃfad ar siuḃal nuair a casaḋ fear bóṫar á ṡocruġaḋ orṫa ⁊ a ṡluasad 'n-a láiṁ aige. D'iarruiġ an ḃean ar son Dé air, buille de'n tsluasaid a ṫaḃairt di ⁊ í sgaoileaḋ. Ḃuail an fear í, aċt, má ḋein, níor éiriġ leis. Do ċeangail an tsluasad do'n ṁnaoi ⁊ láṁ an fir do'n tsluasaid ⁊ siúd ċun bóṫair é arís.

D'ionntuiġeadar aġaiḋ ar áit go glaoḋ-ann siad Céim Cairrge uirṫe, i n-aice Sráide an Ṁuilinn. Níor ċuireadar puinn bóṫair díoḃ 'nuair ḃuail sluaġ saiġdiúirí umpa, ⁊ do liúiġ fear na mbóiṫre ar an gcaptaon buille d'á ċlaiḋeaṁ a ṫaḃairt do ṡáṁṫaċ na sluaisde ⁊ é do ġearraḋ, go raiḃ rud éigin d'á ċeangailt ⁊ ná feadair sé goidé an rud é, marab é an diabal é, ⁊ is dóċa gurb' é sain féin é, ⁊ sin é annsain ar dtosaċ é ag a ḃfuil na haḃarċa móra fada air, ⁊ Dia tem' anam, ṫainig truaġ ag an gcaptaon do ⁊ ḃuail sé buille d'á ċloiḋeaṁ ar ṡáṁṫaċ na sluaisde, ⁊, má ḋein, b'ḟearr leis ar

ball go gceapfaḋ sé a ḟuaiṁneas, mar do ċeangail a ċloiḋeaṁ do ṡámṫaċ na sluaiste ⁊ a láṁ do'n ċloiḋeaṁ ⁊ siúd ċum boṫair é arís.

Do liúiġ sé ⁊ ḃéic sé ar a ṡaiġdiúiríḃ gan é leigeant ar siuḃal leo. Rug ceann de na saiġdiúiríḃ ar an gcaptaon ċun é stracaḋ ó'n gcuid eile, aċt do ċeangail a láṁa ḋe. Rug saiġdiúir eile air sin ⁊ saiġdiúir eile ar an tríoṁaḋ fear ⁊ mar sin dóiḃ go raḃadar go léir ceang-ailte i n-aon líne aṁáin ⁊ siúd ċun bóṫair arís é ⁊ iad go léir n-a ḋiaiḋ.

Ṫug an buicín boċt cúrsa an aonaiġ trí huaire. D'ionntuiġ sé tar n-ais ann-sain ⁊ d'ḟág sé gaċ aon duine mar a ḃfuair sé é. Sul ar sgaoil sé an ḃean duḃairt sé le n-a fear bataráil ṁaiṫ a ṫaḃairt di (⁊ níor ṁisde ḋuit a ráḋ ná gur ṫéiḋeaḋ na claoiṫeáin go maiṫ ḋi sul ar sgaoil sé í) ⁊ dá mbeaḋ sí go h-olc a ṫuilleaḋ go raiḃ ḟios aige cá raiḃ sé féin 'n-a ċoṁnaiḋe.

Do ṁúin an méid sin ciall do'n ṁnaoi ⁊ níor ṫug sí droċ-ḟocal d'á fear riaṁ ó ṡoin, agus ó'n lá sain go dtí an lá

tá indiu ann tá an buicín aonaċ an ṁí sain i n-áirde ar a stáitse, ⁊ sin críoċ ar mo sgéal.

DONNĊAḊ AN ĊAIPÍN AGUS AN DREOILÍN.

Do ḃí dreóilín ann fad ó agus do ċeannuiġ sé feirm ṫailiṁ, mar do ḃí congnaṁ mór de ċlainn aige le n-a hoibriuġaḋ. Aċt ní raiḃ a ḋóṫain airgid aige ċum díol as an ḃfeirm, agus, uime sin, do ċaiṫ sé dá ċéad púnt do ġlacaḋ ar iasaċt ó'n nDiairmín Riaḃaċ. Do ḃí an oiread soin iontaoiḃe ag an nDiairmín Riaḃaċ as macántaċt an Dreóilín nár iarr sé urraḋ ná áiriġṫe air. Nuair ba ṁiṫid leis a ċuid airgid do ḟaġáil ṫar n-ais, d'iarr sé go bog réiḋ é, aċt freagra nár ḃ'ḟóġanta do ṫug an dreóilín air.

Do ċuir so fearg iongantaċ ar an nDiairmín Riaḃaċ, agus láiṫreaċ boill do ċuaiḋ sé go dtí a ḟear dliġe, agus do ṫug orduġaḋ seirḃeála ar an nDreóilín. Dar ndóiġ, ní raiḃ ó'n ḃfear dliġe aċt an focal, agus láiṫreaċ do sgríoḃ sé amaċ

órduġaḋ dian deanġṁálta, agus cuir ar láiṁ an ḃáille é. 'Sé Ḋonncaḋ an Ċaipín an báille do ḃí ann an t-am soin, agus nuair do fuair sé an tseirḃeáil, do ġluais sé air fé ḋéin tiġe an Ḋreóilín.

Is aṁlaiḋ mar do fuair sé é roimis ná ag bualaḋ ċoirce, é féin agus seisear mac do. Ní raiḃ aiṫne ró-ṁaiṫ ag Donnċaḋ ar an ḃfear do ḃí le seirḃeáil aige, agus de ḃríġ go raiḃ an seisear mac ċóṁ mór ċóṁ acṁuinneaċ leis an sean-ḃuaċaill, níor ḟéad sé a ḋéanaṁ amaċ ciaca an fear ceart le seirḃeáil, agus tar éis lae ḟada ṁín díreaċ do ċaiṫeaṁ ag féaċaint orra ó ṁullaċ stáca, dob' éigint dó filleaḋ a ḃaile um ṫráṫnóna, gan a ġnó do ḋéanaṁ.

Is searḃ do ḃí an Diarmín Riaḃaċ, ar gclos an sgéil seo ḋó, aċt ní raiḃ leiġeas air aċt ḃeiṫ brónaċ. Do ċuaiḋ an Diarmín Riaḃaċ agus Donnċaḋ i n-éinḟeaċt go dtí an fear dliġe, agus is í an ċoṁairle do ṫug seisean dóiḃ leigint do Ḋonnċaḋ dul tar n-ais lá'r n-a ḃáireaċ agus, pé gnó do ḃeaḋ ar siuḃal ag na dreóilíniḃ, luiġe ar ḃeiṫ ag molaḋ

an tseana-ḃuaċalla, agus, mar gur ḃ'ḟear luaiṫ-intinneaċ é, go laḃarfaḋ sé, agus annsoin go ḃfuiġeaḋ sé aiṫne air.

Sin mar ḃí, agus d'imṫiġ Donnċaḋ air lá'r n-a ḃáireaċ agus do ḃí na dreóilíní arís ag bualaḋ an ċoirce roimis. D'ḟan sé ag féaċaint orṫa tamall mór. Aċt amaċ timċeall aimsir dinnéir, do ḃíodar ag bualaḋ leó go te. Annsoin do laḃair Donnċaḋ ó ḃarr an stáca agus duḃairt:

"Mo ġreinn do ḃuille, a ṡeana-ḃuaċailll."

"Airiú," ars' an Seana-Ḋreóilín, "bíd siad so ag dul suas is anuas liom-sa, aċt ní'l caḃair dóiḃ ann fós."

"Seaḋ, má'seaḋ," arsa Donnċaḋ. "Bíoḋ so agat uaim-se," ag síneaḋ na seirḃeála ċuige.

Níor ḃeag de ṡeó an canncar do ċuir an cleas so ar an nDreóilín agus do ṫug sé na mionna go mbeaḋ sásaṁ aige a Donnċaḋ. Tamall 'n-a ḋiaiḋ sin do fuair sé caoi ar ṗóig do ġoid ó ṁnaoi Ḋonnċaḋ, Máirín a' Trúir, agus riaṁ ó ṡoin tá éad ar Ḋonnċaḋ le n-a ṁnaoi féin, agus gaċ dreóilín riaṁ ó ṡoin ag imirt

air i gcás go ḃfuair an Dreóilín sásaṁ maiṫ ann.

AN GOBÁN SAOR.

An Gobán Saor do ṁairḃ sé caora ⁊ do ċuir sé a ṁac ag díol an ċroicinn. Duḃairt sé le n-a ṁac gan an croiceann a ḋíol go ḃfaġaḋ sé an croiceann 's a luaġaċt. D'imṫiġ sé d'á ḋíol ⁊ ní ḃfuair sé éinne an lá sain do ċeannuiġ é. An tarna lá do ḃuail cailín uime ⁊ d'ḟiafruiġ sí ḋe cad air go ndíolfaḋ sé an croiceann. Duḃairt sé gur'b ar an gcroiceann 's a luaġaċt. Staṫ sí an olann de annsain ⁊ ṫug sí ḋo an feilt ⁊ an méid ab' ḟiú an olann. Nuair a ṫáinig sé a ḃaile annsain, d'ḟiafruiġ a aṫair de cé ċeannuiġ an croiceann ⁊ duḃairt sé gur cailín i dtosaċ na sráide, ingean baintreaḃaiġe.

Do ċuir an Gobán annsain gairm sgoile amaċ ċun dínnéir a ḃeiṫ ann a leiṫéid sin de lá ⁊ ṫug sé cuireaḋ dínnéir do'n ḃaintreaḃaiġ ⁊ d'á triúr ingean. Nuair a ḃí an dínnéar caiṫte aca, ṫug sé isteaċ 'sa'

rúm an ċéad inġean ⁊ ṫaisbeán sé feircín óir di. D'ḟiafruiġ sé ḋi cad do ḋéanfaḋ sí leis, dá mbaḋ léi é. Duḃairt sí ná feadair sí cad do ḋéanfaḋ sí leis aċt ḃeiṫ ag féaċaint air riṫ an lae. Duḃairt sé ná déanfaḋ sí an gnó, ⁊ ṫug sé isteaċ an tarna hinġean. Laḃair sé leis an tarna hinġin ⁊ d'ḟiafruiġ sé ḋi cad do ḋéanfaḋ sí leis, dá mbaḋ léi é. Duḃairt an tarna hinġean ná feadair sí pioc cad do ḋéanfaḋ sí leis aċt ḃeiṫ d'á ċaiṫeaṁ léiṫi, gur ḋóiġ léi go seasóġaḋ sé go deó í. Ṫóg sé isteaċ annsain an tríoṁaḋ hinġean ⁊ d'ḟiafruiġ sé ḋi cad do ḋéanfaḋ sí leis. Duḃairt sí leis cad do ḋéanfaḋ sí leis aċt é ċaiṫeaṁ 's a ċnósaċ. Duḃairt sé go nḋéanfaḋ sí sain an gnó annsain ⁊ d'iarr sé ar a máṫair í mar ḃean a ṁic.

Pósaḋ iad, ⁊ an ċéad lá ċuadar amaċ ag obair, duḃairt an t-aṫair leis an mac an bótar a ċur i ngirreaċt do. Ní ḟeadair an mac caidé an bríġ ḃí ag an aṫair ⁊ ní duḃairt sé éinní ⁊ ċasadar a baile arís, ⁊ d'imṫiġeadar i mbáireaċ ⁊ duḃairt an t-aṫair arís: “A ṁic ó, ḃí a' cur a' ḃótair i ngirreaċt dúinn,” ⁊ ní ḟeadair an mac

cionnus, ⁊ nuair a ṫángadar a ḃaile, d'fia-
fruiġ a ḃean cad do ḃí ḋ'á dtaḃairt a ḃaile ⁊ duḃairt a fear léi gur'b é a aṫair adeir-
eaḋ leis ḃeiṫ ag cur an ḃóṫair i ngirreaċt ⁊ ná feadair sé féin cad do ṫugaḋ a ḃaile annsain é.

“Nuair imṫeóġair-se i mbáraċ,” ar sise, “⁊ nuair a déarfa sé leat an bóṫar a ċur i ngirreaċt, tosnuiġ ag innsint sgéil san ḃóṫair.”

Ċom maiṫ d'imṫiġeadar ċun cinn i mbár-
aċ ⁊ ċuadar i ḃfeiġil an ġnóta ⁊ duḃairt an t-aṫair leis an mac:

“Ná bí ċoiḋċe gan capa ṁná tiġe agat.”

D'innis sé d'á ṁnaoi cad duḃairt an t-aṫair leis. Duḃairt sí leis go mbeiḋís ag dul go Sasana ċun cúirt do ḋéanaṁ, ⁊, nuair a ṫiocfaidís ċun a ndínnéir a ḋ'iṫe, go ḃfaġaidís uisge ċun a láṁa a niġe, a leogaint do'n Ġobán óg a láṁ do ċur 'san uisge ⁊ a spreacaḋ do'n uisge do ċaiteaṁ orta, ⁊, nuair a ġeoḃaḋ sé an tuḃáille 'na láiṁ, buille do'n tuḃáille a ṫaḃairt do'n ċailín a ṫaḃarfaḋ an tuḃáille ċuige, ⁊ ḃeiṫ ag suirġe léiṫi ⁊ a leogaint air gan é ḃeiṫ pósta i n-éan-ċor.

D'imṫiġeadar annsain go Sasana ag déanaṁ cúirte do ríġ mór a ḃí i Sasana ⁊, nuair a ḃí an ċúirt críoċnuiġṫe, d'innis an cailín do'n Ġobán óg go raḃadar ċun iad do ċur ċun báis. Laḃair an rí annsain nuair a ṡaṁluiġ sé an ċúirt a ḃeiṫ críoċnuiġṫe, ⁊ d'ḟiafruiġ sé an raiḃ sé críoċnuiġṫe. Duḃairt an Gobán go raiḃ aċt aon ní aṁáin a ḃí 'sa ḃaile uaiḋ mar gur ṁaiṫ leis gan a leiṫéid de ċúirt do ḃeiṫ ag éan-duine uasal eile 'na ḋiaiḋ. Duḃairt an Gobán ná faġaḋ éinne é aċt a ṁac féin ⁊ mac an ríoġ ⁊ dob' ḟeárr leis an ríġ annsain a ṁac féin do ċur d'á iarraiḋ 'ná mac an Ġobáin ⁊ do ċuir.

Nuair a ṫáiniġ sé ag triall ar ḃean an Ġobáin, duḃairt sé gur cuireaḋ a d'iarraiḋ, "cam ⁊ díreaċ" é ⁊ duḃairt sí go raiḃ sé 'sa ċófra ⁊ go raiḃ fios aici gur ḋearmaḋadar é.

D'osgail sí an cófra ⁊ do ċuir sí caṫaoir le hais an ċófra. Duḃairt sí leis seasaṁ ar an gcaṫaoir ⁊ é ṫógaint, go raiḃ sé i n-íoċtar an ċófra, go raiḃ sí ag iomċur leinḃ ⁊ ná féadfaḋ a ṫógaint aníos. Ṡeasaiṁ sé ar an gcaṫaoir ⁊, nuair a ċrom

sé d'á lorg, ṫug sí a láṁ leis ⁊ ċaiṫ sí isteaċ é.

"Fan-se annsain, a 'ċam,'" ar sise, "nó go dtagaiḋ 'díreaċ.'"

Ṫiomáin sí litir annsain ċun an ríoġ, a fear a leogaint a ḃaile, go gcoinneoġaḋ sí féinig a ṁac ċun go dtagaḋ a fear féin.

Leog sise mac an ríoġ a ḃaile nuair a ṫáinig a fear féin.

PAIDÍ BÁN AGUS AN SAIĠDIÚIR.

Do ḃí Paidí Bán lá ar aonaċ Ċnuic na Sgroiḋe; agus, ar a ṫeaċt a ḃaile ḋó, ġaiḃ sé roir gaċ cóṁgar ċum Sráide an Ṁuilinn. Ar an sliġe roimis do ḃí feirm ṁór ṫailiṁ le duine áiriṫe atá 'n-a ċóṁnuiḋe sa tsráid céadna anois. Caoiriġ agus ba seasga is mó ḃí ar an ḃfeirm san am so, agus is tríd an ḃfeirm seo do ḃí an casán gnáṫaċ idir an dá ṡráid.

Do ḃí Paidí ag cur de go tapaiḋ tríd an ḃfeirm, agus do casaḋ isteaċ i bpáirc é go raiḃ sgata ṁór ċaoraċ innti. Do ḃí

sé ag inḟiúċaḋ ṫall is i bḟus orṫa, agus díreaċ agus é i lár na páirce istiġ, do ḃuail 'n-a ċreó pataire maiṫ reiṫe. Ní puinn suime do ċuir Paidí ann, aċt ḃeiṫ ag siuḃal leis ar lán a ḋíċill. Aċt níor airiġ sé blúire, gur ḃuail an reiṫe boic aniar ins an tslinneán air, agus do leag Paidí ar a ḃéal, is ar a aġaiḋ, ar an bpáirc.

I gcionn tamaill ḃig d'éiriġ sé arís, agus do riṫ ċóṁ maiṫ agus do ḃí sé 'n-a ċosaiḃ, aċt, má riṫ, ba ġairid an ṁoill ar an reiṫe teaċt suas leis, agus é ḃualaḋ ar ḃior a ċinn arís. D'éiriġ Paidí ċóṁ luaṫ is do ḃí sé ann éirġe; aċt ní ċum reaṫa é, mar do ḃí fios aige ná raiḃ cabair dó ann. Aċt do rug sé greim daingean ar an reiṫe agus do ḃí ag iarraiḋ é ḟuirseaḋ leis ċum an ċlaiḋe. Obair ḋoiceaṁail doḃ' eaḋ í, an reiṫe do stuṫaḋ d'aiṁḋeóin a ċos, agus, ar an aḋḃar soin, is mall do ḃí sé ag cur de.

Súil-ḟéaċaint éigin d'ár ṫug Paidí, cia ċífeaḋ sé ag déanaṁ air sa ċarán aċt preabaire saiġdiúra, mar san am so do

ḃí barraic saiġdiúirí i Sráid an Ṁuilinn, agus do ḃí mo ḃioránaċ ag máirseáil amaċ go caoṫaṁail do féin. Nuair ṫáinig sé suas do laḃair sé go béasaċ ċum Paidí agus do laḃair Paidí leis aṁail ċéadna. Taréis beagán focal, duḃairt Paidí leis an saiġdiúir:

“Dá mb'é do ṫoil é, a ḋuine ċóir, greim do ċoiméad ar an gcaoiriġ seo ḋam, an ḟaid do ḃeinn ag dul amaċ tar claiḋe ag iarraiḋ rúgáin.”

“Airiú! déanfad is fáilte,” ars' an saiġdiúir. “Aċt ná ḃí i ḃfad uaim, mar tá deaḃaḋ orm.”

“Ní ḃead, go deiṁin,” arsa Paidí, “aċt ná leig uait í go dtagad ċuġat.”

Agus leis sin do ġread sé leis fé ḋéin an ċlaiḋe, agus do ṡuiḋ síos ar a ṡuaiṁneas. I gcionn tamaillín, do laḃair an saiġdiúir agus duḃairt go feargaċ le Paidí brostuġaḋ air, nó go leigfeaḋ sé uaiḋ an ċaora.

“Leig, má's maiṫ leat é,” arsa Paidí, agus grainnc ġáiriḋe air.

Leis sin do ċaiṫ an saiġdiúir uaiḋ an peiṫe, agus do ḃí ag cur de le deiṫneas, aċt ba ġearr do ċuaiḋ sé, nuair d'aimsiġ an peiṫe é agus do leag. D'éiriġ sé go tapaiḋ agus do ḃí ag imṫeaċt ċóṁ tapaiḋ agus doḃ' ḟéidir leis, aċt do leag an peiṫe arís é. Annsoin doḃ' éigin do'n ṫsaiġdiúir greim daingean do ḃreiṫ ar an peiṫe agus ḃeiṫ ag fuirreaḋ ċum an ċlaiḋe mar ḃí Paidí. Aċt do ṫáinig an maor air, agus do ṡeirḃáileaḋ an saiġdiúir ċum na cúirte, le ḃeiṫ ag goid an peiṫe. Do cuireaḋ ċúig ṗúint fíneála air, agus do briseaḋ amaċ é. Ṫáinig Paidí a ḃaile aċt ní ḋeaċaiḋ sé riaṁ ó soin ċum éan-aonaiġ, aċt go h-aonaċ Ḃaile Ṁúirne.

An Siúinéir.

Ḃí siúinéir i mḂaile Ṁúirne fad ó, agus ṫóg sé príntíseaċ tráṫ, ċuṁ ḃeiṫ ag obair 'n-a ṫeannta. Ní raiḃ an príntíseaċ aige aċt tuairim is seaċtṁain nuair a ġlaoiḋ duine uasal do ḃí 'sa' ċoṁarsanaċt (an Ridire Coilltis, is dóiġ liom) air ċum roinnt oibre do ḋéanaṁ do. Ċuadar

araon ag triall air, agus, níḋ naċ iongnaḋ, ní raiḃ an fear óg ró-ċliste ċum oibre, agus ṫug an duine uasal so fé ndeara go luaṫ. Ní ró-ṁaiṫ do ṫaiṫn leis ḃeiṫ ḋá ċoṫuġaḋ bog-ḋíoṁaoin, agus do laḃair sé mar ġeall-air leis an sean-ṡiúinéir lá :

“Cad ’na ṫaoḃ,” ar seisean, “go ḃfuil an garsún sain agat ḋ’á ċoimeád agus ná féadann sé pioc do ḋéanaṁ?”

“O! ní ḟéadfainn mo ġnó do ḋéanaṁ gan é,” ars an siúinéir; “is é ḟuarann an tráṫar dam.”

“Cionnus do ḋéanann sé é sin?” ars an duine uasal.

“Nuair a ḃíonn poll déanta agam-sa,” ars an siúinéir, “bíonn an tráṫar ana-ṫeiṫ, caiṫtear é a ḟuaraḋ de ṗas nó loitfiḋe é; agus is é an seift do ḃíonn agam é ṡáṫaḋ isteaċ i mbéal an ġarsúin, agus fliuċann sé go breáġ ḋam é, agus bíonn sé oireaṁnaċ ar é oibriuġaḋ arís láiṫreaċ.”

“Airiú, ná déanfainn féin an méid sin?” ars an duine uasal.

“Ní ḋéanfá, ṁuise, mar ná féadfá é,” ars an siúinéir.

"Bíoḋ geall go nDéanfainn," ar seisean, "díbir an garsún anois, agus déanfad-sa é sin do ḟuaraḋ ḋuit an ḟait do ḃeiḋir ag obair annso."

"Sásta leis," ars an siúinéir, agus duḃairt sé leis an ngarsún imṫeaċt. D'imṫiġ sé, aċt ní raiḃ sé i ḃfad ó'n dtiġ nuair d'aimsiġ an siúinéir blúire ċruaiḋ aḋmaid go raiḃ faḋarcáin go tiuġ ann, ⁊ ḋíriġ sé ar poll do ḋéanaṁ tríd an ḃfaḋarcán ba ċruaḋa agus ba ċaise ḃí ann, agus ní misde a ráḋ ná raiḃ sé i ḃfad leis.

Nuair a stad sé agus allus air, do ṫarraing sé an tráṫar amaċ as an bpoll, agus d'iompuiġ sé go hobann ar an duine uasal.

"Osgail do ḃéal dam," ar seisean. D'osgail, agus ṡáṫaiġ an siúinéir an tráṫar do ḃí naċ beag ar deang-lasaḋ isteaċ 'na ḃéal.

"Ó! táim loisgiṫe," ars' an duine uasail, ag léim siar gur ḃuail sé a ċúl i gcoinniḃ an ḟalla.

"Tá mo ṫráṫar loiṫiṫe agat, a ċlaḋaire,"

ars' an siúinéir; "Níor ḟuarais i n-aon ċor é."

"Ó! tá mo ċúl briste," ars' an duine uasal.

"Caiṫfir díol as an dtráṫar," ars an siúinéir, "nuair nár ḟágais agam an té ḋéanfaḋ 'sa' ċeart é."

"Ó! cuir fios air arís," ars an duine uasal, "ní ḟuil sé imṫiġṫe i ḃfad."

Ṫáinig an garsún arís, agus is é ḃí go háṫasaċ nuair a glaoḋaḋ air, aċt cé gur ḟair an duine uasal go géar iad an ḟaid do ḃíodar ag obair aige, do ṫeip air iad do ḟeicsint aon uair ag fuaraḋ an tráṫair.

Ní cuiṁin le haoinne tá suas anois an sgéal so do ṫuitim amaċ, aċt is é an t-ainm do ġlaoḋann muinntir Ḃaile Ṁúirne riaṁ ó ṡoin ar aon ṗrintíseaċ siúinéara, ná, "Fear Fuarta na dTráiṫre."

Bás Ḋiúicín.

Ḃí Aoḋagán Ua Raġallaiġ i dtiġ lá. Ḃí fear eile sa' tiġ, ⁊ Stiobard duine uasail dob' eaḋ é. "Stiobairdín," a

ṫugaḋ na daoine air. Ḃí maidrín ag an stiobard, ⁊ "Diúicín" dob' ainm do. Maidrín beag géar dob' eaḋ é. Ṫáinig an sagart go dtí an teaċ an lá céadna. Le linn an tsagairt do ṫeaċt an dorus isteaċ, do léim Diúicín, ⁊ rug sé ar ṡáil air. Ní ḋearna an sagart aċt breiṫ ar ḋá ċois deiriḋ ar Ḋiúicín, ⁊ buille d'á ċeann do ḃualaḋ ar an tairsiġ, gur ṁairḃ é, go nduḃairt Aoḋagán an laoiḋ :—

A Ḋiúicín an anma,
  Is deacraċ do ċúrsaiḋe,
A' teaċt ċum an Aifrinn,
  Le hiomarca 'n uṁluiġeaċt.
Do ċeann ar an tairsiġ
  Go daingean do dlúṫuiġeaḋ—
Aċt ní bás gan sagart
  Fuair do ṁadraḋ, a Stiobairdín!

Foclóir.

a, its; a olcas, how badly, so badly; a meaṫaċt, so cowardly, 45; i dtaoḃ a olcas a ḃí a aṫċuinge curṫa aici, on account of how badly her wish was put by her = on account of the bad way she had put her wish = she had wished, 61; 's a liaċt, and so many, considering how many, 63

a (before consonants) = as, out of, from; a baile = as baile, away from home, 5; a ball éigin; a Donnċaḋ, from Donagh (the blackcap), 82.

a ḃaile = do'n ḃaile, home (of motion towards home); éirig a ḃaile, go home, 66.

Acṁuinneaċ, strong, capable, 81.

Aċrann, *m.*, entanglement; d'fan sé i n-aċrann 'sa tor sailiġe, it remained stuck in (or caught in) the willow bush, 52; quarrelling, 61.

Aċt, but; aċt ċóṁ beag le, but as little as = any more than, 32.

Aġaiḋ, *f.*, face, front; ar ár n-aġaiḋ amaċ, out before us, out in front of us, 49; ar a aġaiḋ sin anonn, right opposite to that, directly facing that, 41.

Agus, and, whilst, considering that, though; ⁊ ná 'neosaḋ sé, though he wouldn't tell, 31; 'gus nár, since, and indeed, and also, 70.

Aice, nearness; i n-aice ḋi, near her, 65.

Aiḋḃirseoir, *m.*, the devil: *originally* = adversary, as it is from *adversarius*; 11.

Aifreann, *m.*, Mass; *gen.* in ċun Aifrinn, to Mass, 38; ċun an Aifrinn, 94.

Áil, *f.*, desire, want; cad do b'áil le ḃur leaṫ, what the half of you want, why half of you go, 57.

aimḋeoin, *f.*, unwillingness; ḋ'aimḋeóin a ċos, in spite of him, against his will, *lit.* through the unwillingness of his feet, 88.

aimsiġim, I aim at and strike; *3 s. pft.*, 90.

ainmiḋe, *m.*, animal, beast, 34.

airiġim, I notice, perceive; I hear; 'n-a n-airiġim iad, in which I perceive they are, or in which I hear they are, 70; *3 s pft.*, heard, 71, 88.

áiriġṫe (áiriṫe), certain, particular; go h-áiriġṫe, at any rate, 34; oiḋċe áiriṫe, on a certain night, 60

áiriṫe, *a*, as *subs*, certainty; urraḋ ná áiriṫe, bond or surety, 80.

áirimṫe, reckoned, considered, 23.

airiu, "Yerra!", 21, 57, 59, 89, 91.

aisreoir = aiḋbirseoir, *m.*, the devil, 51. See aiḋbirseoir, of which the present is merely a phonetic spelling.

aistear, *m.*, journey, pain, trouble; i n-aistear, in vain, 7.

aistriġim, I remove, "flit"; *3 s. pft.*, 33. [From aistear.]

aistriuġaḋ, *m.*, act of removing from place to place; act of transporting, 67.

aiṫnid, *f.*, knowledge, acquaintance, *gen.* aiṫnide; buaċaillí aiṫnide ḋo, young men who were known to him, young men of his acquaintance, 29. [For older aiṫniḋ, as miṫid from miṫiḋ, miṫiġ, &c]

allus, *m.*, perspiration; agus allus air, he being in a perspiration, 92.

ámaċ, out; i nḋeireaḋ an lae amaċ, towards the latter end of the day, 74.

amail, like as; amail ċéadna, in the same manner, 89.

Am bhriathar = dom' bhréithir, by my word, assuredly, &c.; 22, 54 (im' bhriathar).

Amhlaidh, so, thus, the fact; is amhlaidh at 60 is in apodosis (i.e. corresponding in second clause) to i n-ionad.

Ana-chómhgarach, very near or nigh, 10.

Ana-fhearamhail, very forward, 14.

Anaithe, (a popular form of anfadh, storm), *m.*, panic, very great fright or fear, the extremity of fright, 48; i n-anaithe an trasthair, in the panic of breathlessness, in the most breathless haste, 28; níor ghádhadh dham an t-anaithe, I did not need to feel in such a fright about it, 16.

Anaitheamhail, panic-stricken, affrighted with excessive fear; go hanaitheamhail, in extreme panic, 10.

Ana-liúgh, *m.*, a great shout, 43.

Ana-liúghairreach, *f.*, a great shouting, 42.

Anam, *m*, soul, life; chum gur thuit an t-anam as, until he expired, 37; *gen.* an anma = dear, beloved, 94.

Ana-phaitre, *m.*, a fine fat animal; ana-phaitre giorrié, a fine plump hare, 45. [For ana-phatairé; see patairé.]

Ana-spóirt, *f.*, great sport or pleasure, 39.

An dagha = do'n Daghdha, by the Daghdha; the Daghdha (= dagh, good + dia, god), was a god of the ancient Irish, 28, 30, 47.

Aniar, from behind, 88; 'n-a dhiaidh aniar, behind him, following and being dragged after him, 77.

Anios, from below, from the north; anios amach, out from the north; a ball éigin aníos amach, from some spot (place) in the north, 41. (Aníos amach is used idiomatically in a kind of appositional agreement with a ball éigin.)

Ann-sa' = ins an, insa, in the, 31; ann-san = ins an, 38

ainnḋó, *m.*, misery, distress; *gen.* ainnḋóiḋ, 69.
An uile, *m.*, every; an uile ḟocal, every word, 26.
Aoḋar=aer, *m.*, air, 39.
Aonaraṁail, solitary, lonely, alone by oneself: ṡo haonaraṁail, alone, 12.
Aos, *m.*, age, 38. [Usual enough in Muns. for aois. The opposite change takes place in Uls.: an aois óg=an t-aos óg.]
Ar, on, amongst; peculiar use in ċun ḃeiṫ ar an dá, &c., to be the two, &c., 23 (in this ar appears to act merely as a kind of link in tá-sentences); so also in do ḃíos ar an ḃfear déiḋeannaċ, I was the last man, 50; defining a physical action more completely; riṫ ort, run off, run away, 6 (cp. gread ort, siuḃail ort, &c.—the similar use of le comes very near this in sense).
Árdaċ=árdugaḋ, to raise, take away (with one) followed by le; árdaċ liom, to take away with me, 7; 'ġá árdaċ 'n-a ġob leis, carrying it oft ln his beak, 27; a dtóin 'árdaċ 'n-a ndoirn leó, to carry off their hind quarters in their fist with them=to turn tail, 45.
Árdugaḋ, *m.*, act of raising. 58. [Literary form used instead of the local árdaċ.]
As, out, away, off; as go bráṫ lem' ġearrfiaḋ, away goes my (fine) hare, 36; as go bráṫ leis arís, off he goes again, away with him again, 37.
Áṫas, *m.*, joy, gladness; do ḃí áṫas ár gcroiḋe orainn, we were overjoyed, 50.
Áṫasaċ, glad, pleased, delighted; *adv.* 61.
Aṫċuinge, *f.*, wish, request, entreaty, prayer, 61; *pl.* aṫċuingí, 61.

Ḃácáil, *f.*, act of baking, 56. [From Eng.]
Ḃacaim, I check, I interfere with (le); only used neg.; ní ḃacfainn leó anois, I would not trouble

about them now, 41; níor ḃacadar le héin-ḃiad eile do ṡoláṫar go maidin, they did not trouble about providing any other food till morning, 60.

bácálta, baked, 56. [From bácáil, baking, from the Eng. word.]

baile, *m.*, (townland); home; a baile, from home, 5; ag baile, at home, 44; a ḃí 'sa ḃaile uaiḋ, which was at home and of which he was in want, 86.

bailíaċa, local pl. of baile, a townland; 29. [bailte is more usual, but pron sometimes bailtí, and with second termination bailtíaċa.]

báille, *m.*, bailiff, 70, 81.

bain amaċ, reach, get to, arrive at, after great exertion; gur ḃain sé amaċ an baile, till he reached home, 21.

bain as, to succeed in making one do a thing; húm ná hám do ḃaint as, 65; cainnt ná gáire do ḃaint as, to make him talk or cry, 66.

bain-ċéile, *f.*, wife, 35 [*Lit.* female spouse]

baintreaḃaċ, *f.*, a widow; *gen*, baintreaḃaiġe, 86.

báire comórtais, match, game; *lit.* goal of emulation, 37.

báisteaċ, *f.*, rain, heavy rain, 48; *dat*, 49

ball, *m.*, spot, place; *gen* baill, 37. ar ball, presently, by-and-bye, 78, 79

baluiṫe = bolaḋ, *m*, smell, 77. *gen* 77

baoġalaċ, to be feared; is baoġalaċ 50, it is to be feared that, I fear that, 27.

